# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas

Foscríbhinn: Céim 3 den 97ú Giro d’Italia ag imeacht ó Ard Mhacha agus ag dul go Baile Átha Cliath ar 11 Bealtaine 2014.

CLÁR


RÉAMHRÁ

CAIBIDIL A hAON Cruinnithe Iomlánacha CATT

CAIBIDIL A DÓ Cruinniú Institiúideach CATT

CAIBIDIL A TRÍ Cruinnithe CATT i bhFormáid Earnála

Talmhaíocht

Oideachas

Comhshaol

Sláinte

Turasóireacht

Iompar

Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara

Sábháilteacht Bia

Uiscebhealaí Intíre

An Comhlacht Teanga Thuaidh Theas

Cláir Speisialta AE

Forbairt Trádála agus Gnó

CAIBIDIL A CEATHAIR Gníomhaíochtaí For-rochtana Chomhrúnaíocht CATT

Iarscríbhinn a hAon Cruinnithe CATT in 2014

Iarscríbhinn a Dó Comhrúnaíocht CATT

Iarscríbhinn a Trí Comhaltaí Boird na gComhlachtaí Thuaidh Theas

**RÉAMHRÁ**

Bliain ghnóthach a bhí ann don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) le ceithre chruinniú is fiche de CATT le linn na bliana, dhá cheann Iomlánach san áireamh, a tharla laistigh de thréimhse ocht seachtaine, agus ceann amháin i bhfoirm Institiúideach. Bhí an caidreamh idir na hAirí go hiontach ag na cruinnithe go léir agus rinneadh plé maith ar na deiseanna a bhí ann comhoibriú a dhéanamh a bheadh chun leasa na saoránach sa dá dhlínse.

Ar aon dul le roinnt blianta anuas, ba chomhthéacs tábhachtach do na cruinnithe aireachta í an timpeallacht dhúshlánach gheilleagrach. Ar an ábhar sin, bhí fócas an phlé Aireachta in 2014 ar iarrachtaí tacú leis an téarnamh gheilleagrach, postanna a chruthú, an ceartúsáid is fearr a bhaint as maoinithe poiblí agus na seirbhísí is éifeachtaí a sholáthar do shaoránaigh sa dá dhlínse. Is é an rún tuarascáil a thabhairt ar an phlé seo ag an chruinniú Institiúideach go luath in 2015.

B’ábhar plé tábhachtach in 2014 maoiniú AE fosta. Ag an chruinniú Iomlánach i mí Dheireadh Fómhair, comhaontaíodh gur chóir go ndéanfadh na hAirí machnamh ar na deiseanna atá ar fáil laistigh dá n-earnálacha féin faoi seach lena mhéad maoinithe AE agus is féidir a tharraingt, go háirithe ó na cláir mhaoinithe iomaíocha. Chomhaontaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta comhsprioc €175m de mhaoiniú a fháil do thionscadail Thuaidh/Theas ó chlár Taighde agus Nuálaíoch Horizon 2020. Tá na hAirí eile ag scrúdú na ndeiseanna maoiniú AE a tharraingt laistigh dá réimsí comhoibrithe féin.

Thángthas ar chomhaontú fosta roimh spriocdháta Mheán Fómhair 2014 na Cláir nua INTERREG agus PEACE a chur faoi bráid an Choimisiúin Eorpaigh.

In ainneoin na gcúrsaí geileagracha dúshlánacha, lean na ranna le freagrachtaí Thuaidh/Theas, i gcomhar leis na comhlachtaí Thuaidh/Theas, ar aghaidh príomhchláir a sholáthar. D’éirigh leis na cláir rathúla seo:

- fás láidir a chur faoin earnáil turasóireachta;
- tabhairt faoi róthroime agus otracht i measc leanaí;
- ár n-Uiscebhealaí Intíre a bhainistiú trí bhreis agus 95% de na huiscebhealaí a choinneáil oscailte;
- An Ghaeilge agus Albanais Uladh a chur chun cinn;
- Loch Feabhail agus Loch Chairlinn a bhainistiú agus a fhorbairt;
- tacú le gnónna agus le tionscail áitiúla;
- cláir nua INTERREG agus Peace a fhorbairt.

I rith na bliana, d’éirigh Martin Higgins as a phost mar Phríomhfheidhmeannach *safe*food agus guíonn muid gach rath air agus é ar scor. Ceapadh Ray Dolan mar Phríomhfheidhmeannach nua *safe*food agus

deimhníodh gurbh é John Pollock a bheadh ina Phríomhfheidhmeannach i nGníomhaireacht na Lochanna. Guíonn muid gach rath orthu beirt ina bpostanna nua.

Mar fhocail scor, ní bheadh muid ábalta ár gcuid oibre a dhéanamh in Ard Mhacha gan tacaíocht ár gcomhghleacaithe i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann, i Ranna Rialtas na hÉireann, sna Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus ár bhfoirne féin sa Chomhrúnaíocht. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo arís eile as a gcomhoibriú agus as a gcuidiú luachmhar in 2014.





**Colm Shannon**
**Comhrúnaí (Thuaidh)**

**Shane O'Neill**
**Comhrúnaí (Theas)**

## CAIBIDIL A hAON: CRUINNITHE IOMLÁNACHA CATT



An tAire Charlie Flanagan TD, An Tánaiste Joan Burton TD, An Taoiseach Enda Kenny TD, An Chéad-Aire, An Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR ag Cruinniú Iomlánach CATT i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, 3 Deireadh Fómhair 2014



Cruinniú Iomlánach CATT in Ard Mhacha, 5 Nollaig 2014

Ag cruinnithe Iomlánacha CATT buaileann Airí Feidhmeannais lena macasamhail i Rialtas na hÉireann le maoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú agus obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Bhí dhá chruinniú Iomlánacha CATT in 2014, an chéad cheann ar 3 Deireadh Fómhair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus an dara ceann ar 5 Nollaig 2014 in Oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha.

Bhí freastal maith ar an dá chruinniú. Bhí 29 Aire, Aire Sóisearacha agus Aire Stáit i láthair ar an chrunniú in Ard Mhacha – an líon ba mhó riamh ar chruinniú CATT.

Is é an Taoiseach Enda Kenny TD a bhí ina cheannaire ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann agus an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an Leas-Chéad-Aire Martin McGuinness CTR a bhí ina gceannairí ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an dá chruinniú. Tá na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh na gcruinnithe le fáil in www.northsouthministerialcouncil.org .

**Cúrsaí Airgeadais agus Geilleagair**

Chun tosaigh sa phlé fós ag na cruinnithe iomlánacha bhí staid airgeadais agus an gheilleagair sa dá dhlínse. Chuir an dá Rialtas fáilte roimh na comharthaí dearfacha laistigh de gach geilleagar cé gur aithin siad go raibh dúshláin le sárú go fóill.

Pléadh bearta le hinfheistíocht a mhealladh go dtí an dá dhlínse agus ar an chruinniú i mí na Nollag, nótáladh fógra Ráiteas an Fhómhair ar Cháin Chorparáideach ó Shainsailéir Státchiste na Ríochta Aontaithe. Pléadh deiseanna eile amhail comhoibriú ar chómhisin thrádála agus ar mhargaí nua a fhorbairt fosta.

Thapaigh na hAirí an deis fosta an méid a chuir príomhimeachtaí leis an gheilleagar agus chuir siad fáilte roimh rath an imeachta rothaíochta ‘Giro d’Italia’. Ag an chruinniú i mí na Nollag, thug an dá rialtas a dtacaíocht do thairiscint Chumann Rugbaí na hÉireann, Corn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil agus chomhaontaigh siad gur chóir do na hAirí ábhartha ón dá dhlínse comhoibriú go dlúth le chéile leis an tairiscint is láidre a chur isteach.

**Cúrsaí AE/ Deiseanna Maoinithe AE**

Cuireadh an staid reatha maidir le Dréachtchláir Mhaoinithe nua PEACE agus INTERREG don tréimhse 2014 – 2020, a cuireadh faoi bhráid Choimisiún AE i mí Mheán Fómhair 2014, in iúl do na hAirí ag an dá chruinniú. Nótáil an Chomhairle tábhacht mhaoiniú AE don dá dhlínse, agus cuireadh in iúl di gur cuireadh na Cláir reatha INTERREG agus PEACE do 2007 - 2013 ar fáil ina n-iomlán.

D’aithin an Chomhairle fosta go bhfuil réimse Clár Maoinithe AE iomaíoch ar fáil anois agus chomhaontaigh na hAirí gur chóir go ndéanfaí machnamh ar chomhoibriú fhéideartha le tarraingt na maoinithe seo trasna gach réimse a uasmhéadú. Cuirfear tuarascáil ar an phlé idir na hAirí faoi bhráid cruinnithe iomlánaigh sa todhchaí.

**Tuarascálacha na gComhrúnaithe ar Dhul Chun Cinn**

Ag na Cruinnithe Iomlánacha bhí deis fosta ag na Comhrúnaithe tuarascálacha ar dhul chun cinn a sholáthar faoin obair a chuir CATT chun cinn i rith na bliana. I measc na bpríomhcheisteanna ar díríodh aird orthu bhí na rudaí seo a leanas:

- comhoibriú ar Phleanáil Iompair Straitéiseach;
- obair an dá Roinn Talmhaíochta ar Leasú CBT;
- feabhsú seirbhís traenach Enterprise sa todhchaí;
- dul chun cinn ar an aonad radaiteiripe in Otharlann Alt Mhic Dhuibhleacháin;
- comhoibriú le tabhairt faoi Thearcghnóthachtáil Oideachais;
- comhoibriú le gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta a spreagadh agus le tarraingt mhaoiniú AE a uasmhéadú;
- Glasbhealaí trasteorann a fhorbairt;
- Dréachtchláir nua AE PEACE agus INTERREG a fhorbairt;
- obair a dhéanamh ar Ghormbhealach na Sionainne, déanta ag Uiscebhealaí Éireann a fhorbairt; agus
- gníomhaíochtaí Thurasóireacht Éireann leis an fhás sa tionscal Turasóireachta a fhorbairt.

**Tosaíochtaí Earnála**

Ag an chruinniú Iomlánach i mí Dheireadh Fómhair, nótáil an Chomhairle gur phléigh na hAirí a dtosaíochtaí earnála i rith na sraithe deireanaí de chruinnithe institiúideacha CATT, agus go dtabharfaí tuarascáil ar an phlé seo chuig an chéad chruinniú Institiúideach eile den CATT. Dhírigh an plé ar iarrachtaí tacú leis an téarnamh gheilleagrach, postanna a chruthú, an ceartúsáid is fearr de mhaoiniú phoiblí a chinntiú agus ar an soláthar is éifeachtaí de sheirbhísí a chur ar fáil do shaoránaigh.

**Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt**

I mí Dheireadh Fómhair, tugadh an t-eolas is déanaí don Chomhairle ar Thionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt. Nótáil siad gur críochnaíodh an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa réigiún agus gur chuir na páirithe leasmhara mian in iúl le haghaidh fócas straitéiseach níos athnuaite agus níos láidre comhaontaithe ag an dá Rialtas. Comhaontaíodh gur chóir go rachfaí i gcomhairle leis na Ranna Rialtais ábhartha ar na ceisteanna aitheanta i rith phróiseas an chomhairliúcháin.

Athdhearbhaigh an Chomhairle a tiomantas fosta le haghaidh cruinnithe idir na hAirí agus oifigigh san Iarthuaisceart sa todhchaí ar a ndéanfaí machnamh ar chuir chuige straitéiseacha maidir le forbairt an réigiúin.



**Cosaint Leanaí agus r-Shábháilteacht**

Phléigh an Chomhairle ceisteanna Chosaint Leanaí go domhain agus cuireadh fócas ar leith ar r-Shábháilteacht ag an chruinniú i mí na Nollag. D'aithin an Chomhairle go raibh comhoibriú maith ar siúl cheana féin ar Chosaint Leanaí, laistigh de struchtúir CATT agus in áiteanna eile. Nótáil na hAirí fosta go bhfuil na saincheisteanna seo leathan agus trasdhlínsiúil agus go mbeadh níos mó comhoibrithe de dhíth le tabhairt fúthu.

Comhaontaíodh fosta gur chóir go gcomhoibreodh na hAirí a bhfuil sainchúram acu i gCosaint Leanaí agus i ngníomhaíochtaí bainteach le r-Shábháilteacht lena gcomhairí sa dlínse eile leis an fhéidearthacht ar níos mó comhoibrithe a scrúdú. Comhaontaíodh fosta gur chóir go bpléifí an topaic seo arís ag cruinniú amach anseo.

**Fóram Comhchomhairleach Thuaidh Theas**

Pléadh staid reatha Fhóram Comhchomhairleach Thuaidh Theas ag an dá chruinniú Iomlánacha. Chomhaontaigh na hAirí go bpléifí í seo arís ag cruinniú Iomlánach sa todhchaí.

## CAIBIDIL A DÓ: CRUINNIÚ INSTITIÚIDEACH CATT



An Chéad-Aire, An Ró-Onórach Peter Robinson CTR, An LeasChéad-Aire Martin McGuinness, CTR agus an tAire Eamon Gilmore, TD ag freastal ar chruinniú Institiúideach CATT, áit ar seoladh digitiú taifead de shaighdiúirí Éireannacha a maraíodh sa Chéad Chogadh Domhanda i gCeanncáras Eorpach Google i mBaile Átha Cliath.

Bhí cruinniú Institiúideach CATT ar 10 Eanáir 2014 i dTeach Uíbh Eachach, Baile Átha Cliath. D'fhreastail an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eamon Gilmore TD, an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR, agus an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR ar an chruinniú. Tá cóip de na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh an chruinnithe le fáil in www.northsouthministerialcouncil.org.

Roimh an chruinniú, thug na hAirí cuairt ar Cheannáras Eorpach Google i mBaile Átha Cliath le digitiú taifead de shaighdiúirí Éireannacha a maraíodh sa Chéad Chogadh Domhanda a sheoladh go hoifigiúil. De thoradh comhpháirtíochta idir Google agus Iarsmalann Pháirceanna Fhlóndras atá taifid dhigiteacha de shaighdiúirí Éireannacha indibhidiúla a maraíodh sa Chéad Chogadh Domhanda á gcur ar fáil ar líne.

Phléigh na hAirí réimse ceisteanna, na hionchais agus na dúshláin gheilleagracha do 2014 agus na straitéisí a raibh siad ag tabhairt fúthu i ngach dlínse, go háirithe maidir le tabhairt faoi dhífhostaíocht, san áireamh. D'admhaigh siad rath imeachtaí amhail The Gathering 2013 agus ceiliúrthaí Dhoire~Londaindoire Cathair Chultúrtha na Ríochta Aontaithe agus chuir siad fáilte roimh an ghné trasteorann a bheadh ann san imeacht rothaíochta Giro d'Italia in 2014. Thacaigh na hAirí le tábhacht imeachtaí spóirt eile a bhfuil ardphróifíl acu a mhealladh go dtí an t-oileán fosta, agus leis an mhóiminteam dearfach maidir le figiúirí turasóireachta a chothú.

**Cúrsaí AE**

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar dhul chun cinn na gClár PEACE III agus INTERREG IV, agus bhí sí ag súil le próiseas an chomhairliúcháin ar na Cláir nua a chur i gcrích. Chuir na hAirí béim ar thábhacht gach deis a úsáid le huasmhéadú a dhéanamh ar tharraingt mhaoiniú AE sa dá dhlínse.

**Athbhreithniú ar Chomhaontú Chill Rímhinn**

Phléigh an Chomhairle an tAthbhreithniú ar Chomhaontú Chill Rímhinn agus nótáil sí go raibh obair ar siúl leis an bheart a rinneadh sa chruinniú Iomlánach ar 8 Samhain gur chóir do na hAirí machnamh a dhéanamh ar a dtosaíochtaí ina réimsí earnála faoi seach, a chur i bhfeidhm. Déanfaidh na hAirí machnamh ar thuarascáil ar thorthaí mhachnamh na nAirí nuair a bhuailfidh siad le chéile arís ag cruinniú i bhformáid Institiúideach.

**Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt**

Nótáil na hAirí go raibh an plé idir na hoifigigh le príomhpháirtithe leasmhara ar threo Thionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt amach anseo ag dul ar aghaidh go fóill, agus chomhaontaigh siad go ndéanfaí tuairisc air ag cruinniú eile den Chomhairle sa todhchaí.

**Soghluaiseacht Trasteorann**

Chuir na hÁirí fáilte roimh cheapachán Ruth Taillon mar Stiúrthóir an Ionaid um Léann Trasteorann agus ghabh siad comhghairdeas léi faoina ceapachán.

Cuireadh in iúl do na hAirí go bhfuarthas maoiniú INTERREG IVA do chéim 3 den Border People Project, agus go raibh traenáil na gComhairleoirí Faisnéise agus an phearsanra seirbhíse i réimse na soghluaiseachta trasteorann á déanamh go fóill, agus go raibh anailís ar riachtanais agus plean inbhuanaithe á n-ullmhú.

**Ceisteanna na gComhlachtaí Thuaidh Theas**

Phléigh an Chomhairle réimse ceisteanna a bhain leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas. Nótail na hAirí an dul chun cinn déanta fosta maidir lena bPleananna Corparáideacha agus Gnó agus le cur i bhfeidhm na gcoigilteas éifeachtúlachta carnach laistigh de na Comhlachtaí. Phléigh siad ceisteanna rialachais, na hathruithe ar théarmaí agus ar choinníollacha na n-oibrithe foirne sna Comhlachtaí Thuaidh Theas, ailínithe leo siúd i Seirbhís Phoiblí na hÉireann, an t-athbhreithniú ar an Mheabhrán Airgeadais, agus na hathruithe a bheidh ar Scéim Pinsin Thuaidh Theas, san áireamh. Nótáil na hAirí na hathruithe ar Bhoird na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus ar an phróiseas le Príomhfheidhmeannach buan a earcú i nGníomhaireacht na Lochanna. D’fhaomh siad ceapachán an Uasail Donnchadh Ó Laoghaire do Bhord an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas (Foras na Gaeilge) le haghaidh na tréimhse 10 Eanáir 2014 go 12 Nollaig 2015.

## CAIBIDIL A TRÍ: CRUINNITHE CATT I bhFORMÁID EARNÁLA

Sa rannán seo tá achoimre ar chruinnithe CATT i bhformáid earnála in 2014. Tá Comhráitis na gCruinnithe seo le fáil in www.northsouthministerialcouncil.org .

**TALMHAÍOCHT**



**Cruinnithe Talmhaíochta**

Bhí cruinnithe Talmhaíochta CATT ann ar 16 Aibreán agus 1 Deireadh Fómhair 2014. Ag an dá chruinniú bhí Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia, Mara (RTBM) agus Cosanta; Michelle O' Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe (RTFT); Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí; Simon Hamilton CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra agus Alan Kelly TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiuil.

**Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus Ceisteanna faoi Thrádáil Idirnáisiúnta**

Nótáil an Chomhairle gur ghlac RTBM agus RTFT leis na pleananna forfheidhmithe do leasuithe an Chomhbheartais Talmhaíochta comhaontaithe in 2013, agus chomhaontaigh siad go ndéanfadh oifigigh monatóireacht ar fhorbairt an phróiseas forfheidhmithe maidir le bearta Pillar I agus II.

Nótáil siad fosta gur iarr an Rialtas ar fhaomhadh ón Choimisiún Eorpach dá gCláir Forbairt Tuaithe 2014 – 2020 faoi seach. Chuir RTBM a Dréachtchlár isteach i mí Iúil 2014 agus chuir RTFT a Dréachtchlár isteach i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh an teagmháil dhlúth leanúnach idir oifigigh ó RTBM agus ó RTFT ar cheisteanna CBT.

Thapaigh na hAirí an deis ceisteanna a bhain le trádáil idirnáisiúnta a phlé ag an dá chruinnú fosta.

**Comhoibriú ar Shláinte Ainmhithe**

Nótáil na hAirí tábhacht na hoibre leanúnaí ar an Phlean Gníomhaíochta Uile-Oileáin ar Straitéis um Shláinte agus Leas Ainmhithe a chur i bhfeidhm, go háirithe:

- chuir gach údarás inniúil ábhartha iarratais isteach chuig OIE (an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe) do stádas mar limistéar saor ó ghalar na nAthchogantach Beag (Plá Caorach agus Gabhar).

- an t-athbhreithniú déanta ar na tosaíochtaí faireachais ar ghalair choitianta agus an tiomantas le haghaidh comhoibrithe i réimsí de chomhshochar;

- comhaontú idir RTFT agus RTBM ar “Comhchaibidil” ag déileáil leis na socruithe rialaithe do Thinneas Capaill na Afraice;

- forfheidhmiú Rialachán um Leas Ainmhithe ag Uair a Mharaithe (Tuaisceart Éireann) 2014 ar 21 Bealtaine 2014;

- an dul chun cinn déanta ag RTFT maidir le stádas saor ó SBO (Saor ó Bhrúsallóis go hOifigiúil) a bhaint amach. Tá RTBM ag déanamh machnaimh anois ar réimeas fhóirsteanach monatóireachta ar SBO i ndiaidh deireadh na 5 bliain éigeantacha;

- an dul chun cinn déanta ag oifigigh RTBM maidir le cód cleachtais a fhorbairt d’ainmhithe fiáine i sorcais; agus

- éacht an chomhaontaithe, i bprionsabal, ar chomhchur chuige theagmhasach i dtaca le háiseanna a chur ar fáil.

**Sláinte Plandaí**

Chuir an Chomhairle fáilte roimh fhorbairt an phrótacail do ghluaiseacht trasteorann lomán learóige ionfhabhtaithe le *Phytophthora ramorum*.

Nótáil siad fosta go raibh an Chomdháil Uile-Éireann ar Chríonadh Siar Fuinseog ann i mí Bealtaine 2014 agus go raibh RTBM agus RTFT ag tabhairt achoimre do fhreagraí na bpáirtithe leasmhara ar phríomhcheisteanna. Cuideoidh sé seo le heolas a thabhairt ar fhorbairt beartais amach anseo.

**Forbairt Tuaithe**

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir RTFT agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) ar réimse ceisteanna Forbairt Tuaithe. Tríd an Choiste Stiúrtha um Fhorbairt Tuaithe Trasteorann (CSFTTT), a bhuail oifigigh ón dá Roinn le chéile le ceisteanna oibríochtúla agus straiteiseacha comhshuime a phlé.

Bhí an Chomhairle sásta nótáil gur críochnaíodh na sé thionscadal INTERREG IVA uilig go rathúil in 2013. Tugadh maoiniú €10.4m faoi théama Forbairt Tuaithe ar fud an AE.  I measc na n-éachtaí suntasacha bhí tionscadal RIVER – suiteáil lamairní agus infreastruchtúir ghaolmhair i bPort Chluain Eoghain agus i mBéal Tairbirt; SoFAB (tionscadal dírithe ar Fheirmeoireacht Shóisialta trasna teorainneacha) agus Tionscadal Athnuachana Tuaithe – athnuachan Chluain Eois, Foirgneamh na Stóras Canála san áireamh.

Chomhaontaigh na hAirí go dtabharfadh RTFT agus RCPRÁ tacaíocht réamhghníomhach do ghníomhaíochtaí Comhoibritheacha LEADER, fócas ar leith ar Chomhoibriú Thuaidh Theas san áireamh

## OIDEACHAS



### Cruinnithe Oideachais

Reáchtáladh cruinnithe oideachais CATT ar 2 Aibreán agus ar 22 Deireadh Fómhair 2014. D’fhreastail Ruairí Quinn TD, Aire Oideachais agus Scileanna ar son Rialtas na hÉireann ar an chruinniú i mí Aibreáin. I ndiaidh do Rialtas na hÉireann a airí a athrú i mí Iúil, d’fhreastail Jan O’Sullivan TD, Aire Oideachais agus Scileanna ar son Rialtas na hÉireann ar an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair. D’fhreastail John O’Dowd, CTR, Aire Oideachais agus Nelson McCausland, CTR, Aire Forbartha Sóisialta ar an dá chruinniú ar son Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

Fuair na hAirí roinnt cur i láthair ag an dá chruinniú, ina measc bhí comhchur i láthair ó Chomhairle Óige Thuaisceart Éireann agus Comhairle Náisiúnta na nÓg ar na ceangail idir an dá eagras, agus ó Phríomh-Chigirí na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ar a gclár comhoibrithe.

### Clár Oibre sa Todhchaí

Tugadh an t-eolas is déanaí ar na ceardlanna comhrannacha ar Thearcghnóthachtáil Oideachasúil a bhí in Ard Mhacha ar 25 Márta 2014 agus i mBaile Átha Cliath ar 8 Deireadh Fómhair 2014. Comhaontaíodh go ndéanfaí obair le teacht ar bhealaí inar féidir le scoileanna ar fud an oileáin a n-eispéarais a roinnt lena chéile sa dóigh is go dtacófaí le feabhas a chur ar thabhairt faoi mhíbhuntáiste oideachais.

Chomhaontaigh na hAirí fosta go bhforbrófaí moltaí maidir le tionscadal trasteorann píolótach a mheas, a bheidh mar thacaíocht d’fhorbairt ceannaireachta agus ina mbeidh grúpaí de phríomhoidí, atá ann faoi láthair ón dá dhlínse, páirteach.

## Comhoibriú idir na Cigireachtaí

D'aithin na hAirí iarrachtaí leanúnacha na gCigireachtaí na gníomhaíochtaí comhoibrithe a leathnú, pleananna leis na príomhghníomhartha seo a leanas a chur i bhfeidhm in 2014, san áireamh:

- Obair Thuaidh Theas ar Litearthacht agus Uimhearthacht a fhoilsiú; dhá thuarascáil ar leith faoin Earrach 2015;
- Lean ar aghaidh le clár na malartuithe cigireachta agus leis an chomhoibriú;
- Cuireadh a thabhairt do Chigireacht ROS measúnú a dhéanamh ar obair COO Feabhas i mBéarla agus i Matamaitic a chur chun cinn (FBMC);
- Comhchigireacht i gcoláistí talmhaíochta agus in Oideachas lánGhaeilge; agus
- Comhobair a dhéanamh ar fhorbairt na cigireachta ar fholláine i scoileanna.

## Riachtanais Speisialta Oideachais

Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn leanúnach atá an dá Roinn Oideachais agus Ionad Choillidh Chanannáin um Uathachas ag déanamh i dtaca le réimse seirbhísí an Ionaid, atá curtha in oiriúint le riar ar riachtanais ar leith gach dlínse, a leathnú. San áireamh i leathnú na seirbhíse tá:

- earcú oibrithe foirne breise agus athchóiriú an bhloic chónaithigh atá ann faoi láthair mar chóiríocht oifige;
- dianmheasúnú agus dianfhoghlaim oideachasúil ildhisciplíneach a sholáthar do líon níos mó leanaí a bhfuil uathachas coimpléascach orthu sa Tuaisceart;
- soláthar measúnaithe agus foghlama for-rochtana go díreach do leanaí sa Deisceart a phíolótú;
- traenáil do ghairmithe oideachasúla agus do thuismitheoirí sa dá dhlínse; agus
- fás na rochtana ar eolas ar líne do thuismitheoirí agus do ghairmithe a fhorbairt.

Tugadh tuairisc ar dhul chun cinn pleananna le haghaidh chomhdháil idirnáisiúnta dhá lá a bhí rún ag an Ionad um Uathachas a reáchtáil i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir 2015 bunaithe ar an téama *Enabling Education*. Díríonn an clár ina bhfuil saineolaithe i neamhoird ar speictream an

uathachais páirteach, ar ghairmithe oideachasúla, ar thuismitheoirí, ar chúramóirí agus ar dhaoine a bhfuil uathachas orthu.

**Malartuithe Scoile, Óige agus Múinteoirí**

Tugadh tuairisc ar dhul chun cinn ghníomhaíochtaí leanúnacha an Choiste Caighdeán Oideachais agus Traenála Thuaidh Theas um Obair Óige agus ar a bpleananna meicníocht fhoirmiúil um aithint clár traenála obair óige ag gach leibhéal ar an oileán, a fhorbairt.

Chuir na hAirí fáilte roimh réimse na ngníomhaíochtaí a bhí á ndéanamh in 2014 faoi Chlár Malartaithe Ógra Causeway. Tugann sé seo deis thábhachtach do dhaoine óga ar na hoileáin seo féiniúlacht a scrúdú le chéile i dtimpeallacht chomhoibríoch agus mheasúil, agus a gcumas a fhorbairt le bheith ag plé go gníomhach le pobail níos ilghnéithí.

**Soghluaiseacht Múinteoirí**

Chuir na hAirí fáilte roimh thiomantas leanúnach an dá Roinn Oideachais oibriú leis na Comhairlí Múinteoireachta Thuaidh agus Theas le fáil réidh leis na constaicí ar shoghluaiseacht múinteoirí ar an oileán.

**Cáilíochtaí Múinteoirí**

Tá obair ar siúl ar phóiseas Mheasúnú Cáilíochtaí deascbhunaithe a thosóidh i ndiaidh cur i gcrích creidiúnú gairmiúil clár leasaithe d’oideachas tosaigh múinteoirí sa Deisceart. Táthar ag súil go gcríochnófar go luath in 2015 é.

Tugadh tuairisc go raibh Comhairle Teagaisc na hÉireann (CTÉ) ag obair i gcomhar leis an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc (CGTTÉ) fosta le measúnú cháilíochtaí múinteoirí a shimpliú, agus an cuspóir atá ann iad a chlárú leis an CGT. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh i ndiaidh cur i gcrích na hoibre ar athbhreithniú agus ar athleagan amach chláir oideachais múinteoirí in Éirinn. Táthar ag súil go gcríochnóidh sí sa chéad ráithe de 2015.

**Riachtanais don Ghaeilge**

Tá Comhairle Teagaisc na hÉireann (CTÉ) ag cur forbairt ar aghaidh na gcritéar bunaithe ar thorthaí um choinníoll chláraithe Riachtanas na Gaeilge chun cinn agus rún aici faomhadh CTÉ a chinntiú i mí na Nollag 2014 sa dóigh is gur féidir léi iad a chur ar fáil do Choláiste Ollscoile Naomh Muire agus d’Institiúidí Ardoideachais eile (IAO).

D’fhaomh an dá Roinn cur i bhfeidhm leanúnach plean cláir bainteach le Clár Gaeilge um Obair Thuaidh/Theas 2014/15, (forbartha ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus ag an tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam (SCC)), i mí Mheán Fómhair 2014.

**Buanchomhdháil ar Oideachas Múinteoirí Thuaidh agus Theas (BCaOMTT)**

Bhí an 12ú comhdháil BCaOMTT ann ar 21 agus 22 Deireadh Fómhair 2014.

## COMHSHAOL




An tAire Mark H Durkan, CTR, An tAire Alan Kelly, TD agus an tAire Danny Kennedy, CTR ag cruinniú CATT ar an Chomhshaol i mí na Samhna 2014.

### Cruinnithe Comhshaoil

Bhí dhá chruinniú Comhshaoil CATT ar 8 Bealtaine agus 13 Samhain 2014. I láthair ag an dá chruinniú, bhí Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar son Rialtas na hÉireann ag an chruinniú i mí Bealtaine. I ndiaidh do Rialtas na hÉireann a airí a athrú i mí Iúil, bhí Alan Kelly TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar son Rialtas na hÉireann ag an chruinniú i mí na Samhna. D'fhreastail Mark H Durkan CTR, Aire Comhshaoil agus Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí ar an dá chruinniú

### Cosaint an Chomhshaoil

Bronnadh an conradh i mí Feabhra 2014 do staidéar taighde chaighdeán an aeir uile-oileánda ar cheist an truaillithe aeriompartha mar gheall ar dhóchan breoslaí soladacha cónaitheacha, go háirithe gual toiteach. Ag an chruinniú i mí na Bealtaine, fuair na hAirí cur i láthair ar dhul chun cinn an staidéar taighde. I mí na Samhna, nótáil siad go raibh machnamh á dhéanamh ag oifigigh ar thuarascáil eatramhach agus go gcuirfí faoi bhráid na nAirí í roimh i bhfad. Nótáil siad fosta go dtosódh an dara céim agus an chéim dheireanach den staidéar roimh dheireadh 2014, agus táthar ag súil go gcríochnófar sa chéad leath de 2015 é. Cuirfear an tuarascáil dheireanach faoi bhráid na nAirí ag cruinniú Comhshaoil CATT sa todhchaí.

**Bainistíocht Dramhaíola**

Chuir an Chomhairle fáilte roimh mhachnamh an Ghrúpa Stiúrtha Thuaidh Theas um Fhorbairt Margaíochta ar chlár nua le deiseanna bainteach leis an gheilleagar chiorclach a fhiosrú. Tá bealach nua smaointeoireachta de dhíth i ngach gné den slabhra breisluacha, agus an aidhm ann, an breisluach ar tháirgí a choinneáil a fhad agus is féidir leis an an dramháil iarmharach a ísliú go beagnach cóngarach do dhramhaíl iarmharach ar bith.

Chuir Co-Operation Ireland cur i láthair faoi bhráid na nAirí ag an chruinniú i mí na Samhna maidir lena staidéar scóipe déanach a thug achoimre ar na deiseanna le haghaidh níos mó comhoibrithe Thuaidh Theas i réimse na Bainistíochta Dramhaíola.

Chuir na hAirí fáilte roimh fhoilsiú Chlár Chosc ar Dhramhaíl Thuaisceart Éireann – "Road to Zero Waste" ar 30 Meán Fómhair 2014 a dhírigh ar úsáid níos éifeachtúla a bhaint as ábhair agus gan dramhaíl a chur chuig láithreán líon talún nó chuid láithreán diúscartha dramhaíola ar bith eile. Beidh tionchar níos fearr aige seo ar an gheilleagar. Cuideoidh sé le 'postanna glasa' a chur chun cinn agus le tacú leo. Cosnóidh sé an comhshaol agus caomhnóidh sé acmhainní.

Nótail an Chomhairle foilsiú Chlár Náisiúnta Cosc ar Dramhaíl na hÉireann is déanaí, 'Towards a Resource Efficient Ireland''; an tuarascáil dheireanach ar athbhreithniú chóras an 'Producer Responsibility Initiative' (PRI) in Éirinn agus ar an 'National Hazardous Waste Management Plan' d'Éirinn.

Nótáil na hAirí an rún reachtaíocht a dhréachtú i dTuaisceart Éireann, roimh dheireadh na bliana, le cosc a chur ar dhumpáil dramhaíl bia bailithe ar leithligh i láithreáin líonadh talún, agus na rialacháin tugtha isteach ag Rialtas na hÉireann le déanaí maidir le haimsiú dramhaíola, le dul i gcomhrac na trádála i miotail goidte.

Chuir na hAirí fáilte roimh an obair leanúnach ar fhorbairt Scéim nua Bonn Athúsáidte in Éirinn a d'fhéadfadh cuidiú le scéim chomhlántach a fhorbairt i dTuaisceart Éireann.

**Bogadh Dramhaíola Trasna na Teorann**

Críochnaíodh an obair ag 9 ceann de na 17 suíomh aitheanta inar cuireadh dramhaíl líonadh talún go stairiúil agus go mídhleathach. Nótáil an Chomhairle gur chuir Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (GCTÉ) clár oibre i bhfeidhm do 2014-2015, a comhaontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús leis na chéad suíomhanna aisdúichithe seo i mí Lunasa 2014 agus táthar ag súil go gcríochnófar í faoi dheireadh mhí na Samhna 2014.

Bhunaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Creat-Chomhaontú um Dhramhaíl Aisdúichithe a Dhiúscairt, agus tá sí ag cur leis an phróiseas phoiblí soláthair le haghaidh tarlú dramhaíola tochailte go háiseanna diúscairte údaraithe.

Tuairiscíodh go ndírítear acmhainní go fóill ar chomhbheart le déileáil le hoibreoirí mídhleathacha chomh maith le cigireachtaí comhordaithe a dhéanamh agus faisnéis agus eolas a mhalartú ar réimsí ina bhfuil fadhbanna.

Phléigh na hAirí an tionchar diúltach atá ag smuigleáil breosla ar an chomhshaol. Mhol siad gníomhartha na ngníomhaireachtaí ar an dá thaobh den teorainn nuair a fuair siad, ag an am sin, monarcha breosla mhídhleathach i gContae Mhuineacháin agus méid mór dramhaíola nimhiúla in Ard Mhacha Theas.

**Cáilíocht an Uisce**

Tá comhordú leanúnach ar siúl idir an dá dhlínse maidir le hullmhúcháin don dara sraith de phleananna bainistíochta abhantraí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi Chreat-Treoir Uisce (CTU) AE

Chuir siad fáilte roimh an obair chomhoibríoch ar fhorbairt na nIontaobhas Aibhneacha, Iontaobhas Chluain-Dabhail agus Iontaobhas Abhainn na hÉirne trasteorann san áireamh, agus roimh shocruithe rialachais leasaithe CTU a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn.

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhordú leanúnach ar an Scéim um Chósta Ghlan agus an Scéim um Chúram Cósta agus roimh an chomhoibriú leanúnach maidir le forbairt Clár Beart do Chreat-Treoir na Straitéise Mara.

**Tuairisciú agus Taighde Comhshaoil**

Nótáil na hAirí gur bronnadh an conradh do thionscadal taighde uile-oileánda ar Thionchair Eastóscadh agus na Taiscéalaíochta Neamhghnáiche Gáis (ETNG – fracáil) ar an Chomhshaol.

Nótáil an Chomhairle gur reáchtáil an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil (GCC) a Lá Idirnáisiúnta Faisnéise ar tugadh ‘Horizon 2020 Societal Challenge 5’ air ar 2 Deireadh Fómhair agus gur fhoilsigh siad a straitéis taighde don tréimhse 2014-2020, agus meastóireacht ar an chéad éileamh ar mholtaí ar siúl faoi láthair.

D’fháiltigh an Chomhairle go raibh GCTÉ agus RCPRÁ ag plé faoin fhéidearthacht go reáchtálfaí comhcheardlann Chlár LIFE in 2015.

Chuir siad fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir an GCC agus an GCTÉ le riachtanais taighde éiritheacha a aithint agus roimh an phleanáil straitéiseach de chláir mhaoinithe taighde, agus maoiniú Eorpach mar thosaíocht ard le haghaidh comhghníomhartha acu go fóill.

**Deiseanna Maoinithe AE**

Nótáil na hAirí na deiseanna comhoibrithe ag dul ar aghaidh go fóill do mhaoiniú AE, Clár Life Horizon 2020, agus Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnacha INTERREG V san áireamh. Nótáil siad an comhoibriú leanúnach maidir le comhthairiscint €72m a chur isteach chuig INTERREG VA ag plé leis na comhshaolta talún, fionnuisce, agus mara.

Nótáil an Chomhairle go reáchtálfar ceardlann Horizon 2020 bainteach le *"Climate Action, Environment, Resource Efficiency and Raw Materials"*, i nDoire~Londaindoire i mí na Samhna 2014, agus í mar aidhm aici na páirtithe ón dá dhlínse a thabhairt le chéile le tacú leo siúd a d'fhéadfadh cinneadh ar pháirt a ghlacadh i gcomhthionscadal, agus iad a spreagadh chomh maith.

Chuir na hAirí fáilte roimh an fhógra dhéanach, mar a bhí se ag an am, a dheimhnigh rath na tairisceana do thionscadal *REMEDIATE* Horizon 2020, ar fiú €3.5m é, agus a fhostóidh 14 taighdeoir. Tá sé mar aidhm aige gréasán traenála do shaineolaithe ag déileáil le feabhsú talún éillithe, a bhunú.

Chuir na hAirí fáilte fosta roimh chomhoibriú a leanfaidh ar aghaidh tarraingt Mhaoiniú AE a uasmhéadú agus a spreag oifigigh deiseanna nua a iarraidh teacht ar thionscadail fhéideartha dár féidir maoiniú AE a mhealladh.

## SLÁINTE



Tógáil ar siúl ag an Aonad Radaiteiripe in Otharlann Alt Mhic Dhuibhleacháin, Doire.

### Cruinnithe Sláinte

In 2014 reáchtáladh dhá chruinniú CATT ar Shláinte agus ar Shábháilteacht Bia ar 30 Aibreán agus ar 12 Samhain. D'fhreastail James Reilly TD, Aire Sláinte agus Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ar an chruinniú i mí Aibreáin. D'fhreastail a gcomharbaí, Leo Varadkar TD, Aire Sláinte agus Jim Wells CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ar an chruinniú i mí na Samhna. I láthair ag an dá chruinniú bhí Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe. D'fhreastail James Reilly TD, ar an chruinniú i mí na Samhna fosta mar Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ceapadh é sa phost sin i ndiaidh do Rialtas na hÉireann na hairí a athrú i mí Iúil.

### Sláinte a Chur Chun Cinn

Tugadh an t-eolas is déanaí do na hAirí ar réimse na hoibre ar chur chun cinn sláinte atá ag dul ar aghaidh go fóill ar fud na hÉireann. Ina measc seo bhí dul chun cinn ar straitéisí le cosc a chur ar dhochar bainteach le halcól sa dá dhlínse, obair an Ghrúpa Chomhairligh ar Bheartas Alcóil Thuaidh/Theas, agus bunú Grúpa um Dhochar Ceilte Thuaidh/Theas éascaithe ag Co-operation and Working Together (CAWT).

Phléigh na hAirí Íosphraghsáil Aonair Alcóil (ÍAA). Cuireadh in iul dóibh go raibh an dá Roinn ag déanamh machnaimh ar na torthaí ón staidéar comhchoimisiúnaithe a rinne Ollscoil Sheffield ar thionchar fhéideartha ÍAA sa dá dhlínse, agus ar thuarascáil aguisíní. Ghabh na hAirí orthu féin ÍAA a thabhairt isteach ag an am chéanna, faoi réir chinneadh na Cúirte Eorpaí.

Nótáil na hAirí gur tháinig Treoir um Tháirgí Tobac AE i bhfeidhm i mí Bealtaine 2014 i ndiaidh do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bhfaomhadh deireanach a thabhairt.  Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn maidir le forbairt an dá straitéis nua ar fhéinmharú a chosc, móide roimh an tiomantas faisnéis, ag eascairt ó fheachtais na meán agus eolais phoiblí ar fheachtais chur chun cinn sláinte meabhrach, a roinnt.

Nótáil na hAirí an obair leanúnach ag dul ar aghaidh faoi Phlean Gníomhaíochta um Murtall i Measc Leanaí AE agus an obair chomhoibríoch idir Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar thaispeáint dheonach faisnéise ar chalraí ar bhiachláir sa ghnó lónadóireachta. Seoladh 'áireamhán calraí' in Éirinn ar 9 Aibreán 2014 agus beidh sé ar fáil i dTuaisceart Éireann fosta.

**Comhoibriú ar Thaighde ar Ailse agus ar Shláinte**

Tugadh an t-eolas is déanaí do na hAirí faoin Aonad Radaiteiripe in Otharlann Alt Mhic Dhuibhleacháin. Síníodh Meamram Tuisceana agus Comhaontú Seirbhíse d'fheidhmiú an Aonad. Thosaigh obair ar an suíomh i mí Iúil 2014, agus tá an tionscadal ar sprioc maidir lena chríochnú laistigh den tréimhse ama comhaontaithe. Is é Fómhar 2016 an dáta oibriúcháin don Aonad.

Chuir na hAirí fáilte roimh dhul chun cinn leanúnach Chuibhreannas Ailse Institiúid Náisiúnta Ailse Éireann– Thuaisceart Éireann agus beidh an 5ú comhdháil idirnáisiúnta ailse ina shraith i mBéal Feirste i mí Bealtaine 2015.

Nótáil na hAirí rath leanúnach Chomhpháirtíocht T&F Éireann-SAM. Chuir siad fáilte roimh fhaomhadh tionscadail eile a bhfuil aidhm aige tástáil nua d'ailse phróstataigh a fhorbairt. Bhí cruinniú de Ghrúpa Stiúrtha trédhlínsiúil na Comhpháirtíochta ann ar 29 Meán Fómhair 2014. I measc na gceisteanna a pléadh ag an chruinniú bhí, rátaí rathúla n-iarratas éagsúla sna príomhréimsí taighde éagsúla, deiseanna comhpháirtíocht a chur chun cinn le sofheictheacht a mhéadú, go háirithe sna SA, deiseanna comhoibriú a mhéadú sa réimse agraibhia agus meicníochtaí nua maoinithe, comhoibriú aonad-go-haonad san áireamh.

Tugadh an t-eolas is déanaí do na hAirí ar obair leanúnach na hInstitiúide uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Mhaolaitheach, seoladh suíomh gréasáin Leanaí agus Daoine Óga (www.cypph.com) i mí Dheireadh Fómhair 2014 san áireamh.

**Cosaint Leanaí**

Chuimhnigh na hAirí ar an phlé ag cruinniú Iomlánach CATT i mBaile Átha Cliath ar 3 Deireadh Fómhair 2014 ar na ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar chosaint leanaí, go háirithe maidir le r-Shábháilteacht. Tugadh an t-eolas is déanaí dóibh ar dhul chun cinn chlár oibre Chosaint Leanaí, agus nótáil siad gur reáchtáladh comhdháil Chúram Leanaí i gCleachtadh ar luath-idirghabhálacha údarásacha ar 22 Deireadh Fómhair 2014 i nDún Dealgan. Chuir siad fáilte roimh fhorbairt 'Aip' le rochtain a cheadú ar an Mhol Chosaint Leanaí Thuaidh Theas.

**Deiseanna Maoinithe AE**

Nótáil na hAirí na han-deiseanna maoinithe atá ar fáil san earnáil seo agus spreag siad oifigigh le leanstan ar aghaidh ag aithint tionscadal lenar féidir Maoiniú AE a mhealladh. Chuir siad fáilte roimh an chomhoibriú atá ag dul ar aghaidh faoi láthair ar mhaoiniú a tharraingt, go háirithe tionscadal CAWT, atá ag soláthar seirbhísí sláinte trasteorann le cúram othar a fheabhsú.

## TURASÓIREACHT




An tAire Arlene Foster, CTR le Niall Gibbons, Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann ag seoladh feachtais leis an cheangal láidir atá ag Tuaisceart Éireann leis an tsraithchlár teilifíse *Game of Thrones* a chur chun cinn.

### Cruinniú Turasóireachta

Tá Turasóireacht Éireann freagrach as Éirinn uilig a mhargú thar sáile mar cheann scríbe ag turasóirí. Tá Bord aici ar a bhfuil 12 stiúrthóir a cheapann CATT. Is iad an tUasal Brian Ambrose agus an tUasal Jim Flannery an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach. Tá liosta na stiúrthóiri reatha in Iarscríbhinn a Trí. Is é Niall Gibbons Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.tourismireland.com.

Reáchtáladh cruinniú de Thurasóireacht CATT ar 22 Eanáir 2014. I láthair ag an chruinniú bhí Arlene Foster CTR, Aire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta.

D'aithin na hAirí tábhacht an tionscail thurasóireachta don gheilleagar sa dá dhlínse. Bhí siad ag súil lena bheith ag óstáil an Giro d'Italia i mí Bealtaine, é ag toiseacht in Ard Mhacha agus ag críochnú i mBaile Átha Cliath, le tuairisciú teilifíse ar fud 170 tír. Ag forbairt ar an chomhoibriú trasteorann ar óstáil phríomhimeachtaí, chuir na hAirí fáilte roimh bhunú grúpa oibre le scrúdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht iarratas a chur isteach le Corn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil, an 4ú imeacht spóirt is mó ar an domhan.

Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is déanaí ar obair Bhord Thurasóireacht Éireann a Phlean Gnó do 2013 a chur i bhfeidhm. Chuir na hAirí fáilte roimh chur i bhfeidhm moltaí Straitéis chun Fáis na Breataine ar fud 2013.

Chuala na hAirí faoi rath Thurasóireacht Éireann a chuspóirí a shárú ar fud 2013 agus faoin fhócas láidir ar rath Thóstal Éireann agus Doire-Londaindoire, Cathair Chultúrtha 2013. Chuir na hAirí fáilte roimh na figiúirí agus roimh bharúil an tionscail a léirigh go raibh bliain dhearfach d'fhás i dturasóireacht sa bhliain 2013, le fás bliain i ndiaidh bliana de thurasóirí ó thar sáile ag teacht go dtí an t-oileán. Nótáil na hAirí an méadú ar acmhainn aeir fosta.

**Giro d'Italia**

Luadh seoladh Bealtaine Gran Partenza de Giro d'Italia 2014, le tuairisciú teilifíse ar fud 170 tír, mar dheis mhargaíochta iontach a thabhairt le rath 2013 a fhorbairt. Leis an tús i mBéal Feirste, ag dul trí Ard Mhacha, agus an chríoch i mBaile Átha Cliath, bhí deiseanna móra margaíochta turasóireachta ann don dá dhlínse. Thug forbairtí nua amhail Slí an Atlantaigh Fhiáin, agus bronnadh an teidil mar Chathair Chultúrtha na hÉireann 2014 ar Chathair Luimnigh, chomh maith le forbairt phróifíl Titanic Bhéal Feirste agus Ionad Cuairteoirí Chlochán an Aifir, deiseanna tábhachtacha le turasóireacht a mhéadú.

Mar fhorbairt ar an chomhoibriú trasteorann in óstáil príomhimeachtaí, chuir na hAirí fáilte roimh bhunú grúpa oibre le scrúdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht iarratas a chur isteach le Corn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil, an 4ú imeacht spóirt is mó ar an domhan.

**Athcheapadh an Phríomhfheidhmeannaigh**

Athcheapadh Niall Gibbons mar Phríomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann agus d'fhaomh na hAirí Plean Gnó 2014 Thurasóireacht Éireann agus a Plean Corparáideach don tréimhse 2014-2016. Thar fad an Phlean, tá sí mar aidhm ag Turasóireacht Éireann turasóireacht ó thar sáile go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacú le Tuaisceart Éireann a hacmhainneacht thurasóireachta a bhaint amach.

Thapaigh na hAirí an deis fosta a dtosaíochtaí earnála don todhchaí a phlé agus nótáil siad go gcuirfí iad seo i láthair ag cruinniú Institiúideach eile de CATT sa todhchaí.

## IOMPAR



**Cruinnithe Iompair**

Bhí dhá chruinniú Iompair CATT in 2014, ar 16 Aibreán agus ar 5 Samhain. Ag an dá chruinniú bhí an tAire Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí agus an tAire Mark H Durkan CTR, Aire Comhshaoil. D'fhreastail an tAire Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an chruinniú i mí Aibreáin, agus d'fhreastail a chomharba, an tAire Paschal Donohoe TD, ar an chruinniú i mí na Samhna.

Bhí plé maith ann i rith an dá chruinniú ar a lán réimsí faoin Earnáil Iompair. Ina measc seo bhí tabhairt isteach tobhach HGV na Ríochta Aontaithe san Fhómhar 2014, agus comhaontaíodh go mbeadh an dá Rialtas i gcomhairle leanúnach lena chéile ar an cheist agus ar thionchar fhéideartha ar bith a d'fhéadfadh bheith ina fhadhb.

**Bóithre**

Ar na príomhthionscadail bóithre, nótáil na hAirí an comhairliúchán poiblí leanúnach a bhí ag faisnéisiú an Ráitis nua Comhshaoil, agus dhearbhaigh siad go raibh siad tiomanta do scéim bhóthair an A5. Nótáladh an dul chun cinn maith ar thionscadal bóthair an A8. Táthar ag súil go n-osclófar é seo san Earrach 2015.

**Iarnród**

Ag an chruinniu i mí Aibreáin, chuir na hAirí fáilte roimh an mholadh maoinithe INTERREG IVA a úsáid le Seirbhís an Enterprise ar líne iarnróid Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste a fheabhsú agus le tarbhealach Dhroichead Átha a athchóiriú. Ag an chruinniú i mí na Samhna, nótáil na hAirí na straitéisí agus na tosaíochtaí faoi seach leis na gréasáin atá ann faoi láthair a chothabháil, agus an fhéidearthacht do dheiseanna comhoibrithe ar infheistíocht in infreastruchtúr sa todhchaí.

**Tosaíochtaí Straitéiseacha Iompair**

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir na ranna ar na tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn ag a gcruinniú, ag nótáil na ndeiseanna le haghaidh comhoibrithe i bhforbairt an ghréasáin straitéisigh bóithre ar an oileán, rud a chuirfidh leis na ceangail Thoir Thiar agus a thiomanfaidh athrú sna foirmeacha inbhuanaithe iompair, agus ag nótáil na féidearthachta do sheirbhísí iompair phoiblí trasteorann roinnte.

**Deiseanna Maoinithe AE**

Thug an Chomhairle aitheantas don chomhoibriú leanúnach le Maoiniú AE a fháil do thionscadail iompair ar mhaithe le gach duine sa dá dhlínse.

**Rothaíocht/Glasbhealach Trasteorann**

Ag a gcruinniú i mí na Samhna, chuir na hAirí fáilte roimh an infheistíocht leanúnach i gcur chun cinn agus i bhforbairt roghanna inbhuanaithe iompair, rothaíocht san áireamh, agus d'fháiltigh siad roimh an chomhchinneadh le comhoibriú ar Ghlasbhealaí trasteorann a aithint. Thacaigh an Chomhairle le fiosrú faoi mhaoiniú fhéideartha AE d'fhorbairt an infreastruchtúir rothaíochta/siúil.

**Comhaitheantas do Phointí Pionóis**

Cé gur aithníodh go raibh dúshláin ann i gcur i bhfeidhm an tionscadail choimpléascaigh seo, chomhaontaigh na hAirí go leanfadh an Grúpa Stiúrtha ar aghaidh bualadh le chéile leis na ceisteanna bainteach leis na réimis phointí pionóis sa dá dhlínse a iniúchadh ag a gcruinniú i mí na Samhna. Nótáil na hAirí go gclúdódh Treoir AE, a bheidh le feidhmiú in 2017, cionta phointí pionóis ábhartha, agus go raibh athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar an ghá le forfheidhmiú trasteorann a neartú maidir le cionta tráchta, ar siúl.

**Sábháilteacht d'Úsáideoirí Bóithre agus d'Fheithiclí**

D'ainneoin an chúlra thragóidigh de mhéadú i líon na mbásanna ar na bóithre ar fud an oileáin, chuir na hAirí fáilte roimh roinnt leanúnach eolais agus eispéaras idir oifigigh ar bhearta sábháilteachta bóithre a dhéanamh. D'fháiltigh na hAirí roimh dhul chun cinn agus rith beart reachtúil éagsúil sa dá dhlínse, bearta agus moltaí le dul i ngleic le tiomáint faoi thionchar drugaí agus le réim na dtiománaithe faoi oiliúint a leasú.

Nótáil na hAirí na feachtais éagsúla shábháilteachta bóithre a rinneadh i rith na bliana, dírithe ar mhéid agus ar thromchúiseacht na ngortuithe ar fud an oileáin a laghdú, oibríochtaí forfheidhmiúcháin agus feachtais bholscaireachta san áireamh.

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach a dhíríonn ar réimse leathan gníomhaíochtaí mídhleathacha laistigh den tionscal tarlú earraí agus den tionscal iompraithe paisinéirí. Nótáil siad bunú an Fhóraim Thrípháirtigh um Phleanáil Forfheidhmithe a bhfuil aidhm aige sochair na n-iarrachtaí forfheidhmithe a uasmhéadú agus cuir chuige fhorfheidhmithe a chomhordú.

Thapaigh na hAirí an deis a dtosaíochtaí earnála don todhchaí a phlé fosta agus nótail siad go gcuirfí iad seo i láthair ag cruinniú Institiúideach eile de CATT sa todhchaí.

## DOBHARSHAOTHRÚ AGUS CÚRSAÍ MARA



**Cruinnithe faoi Dhobharshaothrú agus Chúrsaí Mara**

Tagann CATT le chéile i bhformáid earnála Dhobharshaothrú agus Chúrsaí Mara le cinntí a dhéanamh ar bheartais agus ar bhearta a chuirfidh Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ) i bhfeidhm. Tá Bord ar a bhfuil 12 bhall ag CFCSÉ a cheapann CATT. Cuireann an Bord feidhmeanna an Chomhlachta i bhfeidhm maidir le ceantar an Fheabhail agus ceantar Chairlinn trí Ghníomhaireacht na Lochanna. Is iad an tUasal Winston Patterson agus an tUasal Alan McCulla an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach faoi seach. Tá liosta de bhaill reatha an Bhoird le feiceáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é an tUasal John Pollock Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochannna. Tá tuilleadh sonraí ar fáil in www.loughs-agency.org.

I rith 2014, bhí cruinnithe Dhobharshaothrú agus Chúrsaí Mara CATT ar 21 Feabhra, 27 Meitheamh agus 5 Nollaig.

D'fhreastail Pat Rabbitte TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe, Fergus O'Dowd TD, Aire Stáit, Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta ar an chruinniú i mí Feabhra.

D'fhreastail Airí O'Neill, O'Dowd agus McCausland ar an chruinniú i mí Mheithimh. D'fhreastail an tAire Alex White TD, a tháinig i gcomharbacht ar an

Aire Rabbitte mar Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Joe McHugh TD, a tháinig i gcomharbacht ar an Aire O'Dowd mar Aire Stáit, Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, ar an chruinniú i mí na Nollag in éineacht leis an Aire O'Neill agus an Aire Mervyn Storey CTR, Aire Forbartha Sóisialta.

**Tosaíochtaí Earnála**

Rinne na hAirí machnamh i mí Feabhra ar pháipéar faoi Thosaíochtaí Earnála agus phléigh siad tosaíochtaí eile laistigh dá réimsí earnála faoi seach. Comhaontaíodh go gcuirfí na tosaíochtaí seo in iúl do na Comhrúnaithe de réir an chinnidh Iomlánaigh ar 8 Samhain 2013.

**Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn**

Fuair an Chomhairle tuarascáil ar dhul chun cinn obair Ghníomhaireacht na Lochanna ón Chathaoirleach Winston Patterson, agus ón Phríomhfheidhmeannach, John Pollock ag gach cruinniú. Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn déanta, ina measc, páirtíocht Ghníomhaireacht na Lochanna le Co-operation Ireland i bhforbairt Scéim Saoránachta Ambasadóirí Abhainn an Fheabhail, agus iarrachtaí na Gníomhaireachta *Bonamia ostreae* a choinneáil laistigh de Loch Feabhail. Ina theannta sin, ghabh na hAirí comhghairdeas leis an Ghníomhaireacht as reáchtáil rathúil comhdhála idirnáisiúnta ar stocáil bradán agus tá siad ag súil le heisiúint an scannáin "Atlantic Salmon – Lost at Sea" inar ghlac Gníomhaireacht na Lochanna páirt.

Chuir na hAirí fáilte roimh dhul chun cinn ar ghníomhaíochtaí Ghíomhaireacht na Lochanna, ina measc, iarrachtaí caomhnaithe agus cosanta leanúnacha na Gníomhaireachta, a rannpháirteachas in Operation Salar agus crainn a phlandáil i gCeantar Mhám Ghleann Sheáin mar chuid de Thionscnamh Oiriúnaithe Thuaisceart Éireann um Athrú Aeráide.

Chuir na hAirí fáilte roimh an eolas is déanaí a tugadh ar an Chomhaontú Bainistíochta, ar dhul chun cinn Ráitis Airgeadais 2012 Ghníomhaireacht na Lochanna, agus ar Chlár Ambasadóirí an Fheabhail.

**Fuaimrianú Brádán**

Chuir an Chomhairle fáilte roimh chur i láthair ar ghluaiseachtaí brádán Atlantach agus nótáil sí obair luachmhar na dtionscadal taighde seo do bhainistíocht agus d'fhorbairt an iascaigh thábhachtaigh seo. Nótáil siad fosta an staid reatha maidir lena marthanas sna dobharcheantair i Loch Feabhail agus i Loch Chairlinn agus na hiarrachtaí caomhnaithe agus cosanta leanúnacha.

Nótáil siad fosta an staid reatha maidir le marthanas Oisrí Leathana Dúchasacha Loch Feabhail agus an gá tábhacht an chaomhnaithe a chothromú le go leor deiseanna geilleagracha do na páirtithe leasmhara sa tionscal.

Chuir na hAirí fáilte fosta roimh an dul chun cinn ar thionscadal IBIS, ar páirtíocht é idir Gníomhaireacht na Lochanna, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil Ghaschú. Tá sé mar aidhm aige bainistíocht dobharacmhainní a fheabhsú ar fud na hÉireann agus na hAlban. Tá an tionscadal tacaithe ag clár INTERREG IVA an AE.

**Creatlach Éigeandála**

D'fhaomh an Chomhairle go leanfaí leis an chreatlach, leagtha amach le tacú le Gníomhaireacht na Lochanna déileáil le héigeandálacha, amhail teagmhas truaillithe tromchúiseach ar feadh tréimhse bliana a thosódh ó 20 Iúil 2014, agus chomhaontaigh sí athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an nós imeachta seo, a athnuachan fhéideartha bunaithe ar thuarascáil ón Chomlacht agus ó na ranna urraithe roimh 20 Iúil 2015 san áireamh.

**Comhdháil Dhobharshaothrú Uile-Oileánda ar Shliogéisc**

I mí Feabhra, mhol an Chomhairle go ndéanfadh na húdaráis inniúla sa dlínse machnamh ar Chomhdháil Dhobharshaothrú ar Shliogéisc a chomhóstáil agus go mbeadh sí pleanáilte do Mheitheamh 2015.

**Plean Corparáideach 2014-16 agus Plean Gnó 2014 Ghníomhaireacht na Lochanna**

D'fhaomh CATT Plean Corparáideach 2014-16 agus Plean Gnó 2014 Ghníomhaireacht na Lochanna agus nótáil sí an soláthar buiséid molta do 2014 de £4.127m (€4.799m) agus nótáil sí na buiséid tháscacha de £3.950m (€4.593m) do 2015 agus de £3.774m (€4.388m) do 2016. Nótáil CATT gur seo príomhchuspóirí a bheidh ann do Ghníomhaireacht na Lochanna in 2014-2016:

- na hiascaigh i gCeantar an Fheabhail agus i gCeantar Chairlinn a chaomhnú agus a chosaint;
- dobharshaothrú agus iascaigh sliogiasc a cheadúnú agus a fhorbairt;
- Turasóireacht Mara agus Slatiascaireacht a fhorbairt;
- a mandáid reachtúil agus a freagrachtaí a chur i gcrích go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Nótáil an Chomhairle go ndeachaigh straitéis infheistíochta na Gníomhaireachta do thionscnaimh áitiúla agus pobail chun sochair do cheantar an Fheabhail agus do cheantar Chairlinn.

Ag an chruinniú i mí na Nollag, nótáil an Chomhairle gur chuir an Ghníomhaireacht sábháil éifeachtúlach riachtanach airgid i bhfeidhm i mbuiséad 2015 de réir na treorach comhaontaithe arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (RAP) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe (RCPA) agus gur fhaomh Airí na rann urraithe agus RAP/RCPA an Plean Gnó agus an Buiséad/Deontas.

D'fhaomh CATT Plean Gnó 2015 Ghníomhaireacht na Lochanna agus mhol sí an soláthar buiséid/deontais do 2015 de £3.950/€4.877 milliún.

**Margú Acmhainní na Lochanna**

Chuir na hAirí fáilte roimh an tuarascáil ar ghníomhaíochtaí Ghníomhaireacht na Lochanna i gcur chun cinn Loch Feabhail agus Loch Chairlinn. Nótáil siad ach go háirithe, forbairtí infreastruchtúrtha i bhfóillíocht mara, i ngníomhaíochtaí for-rochtana agus pobail agus i gcur chun cinn táirgí bia mara.

**Tuarascáil Bhliantúil agus Dréacht-Ráitis Airgeadais 2013**

Nótáil CATT Tuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht na Lochanna agus na Dréacht-Ráitis Airgeadais do 2013, agus go gcuirfí faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais iad, i ndiaidh do na hArd-Reachtairí agus do na hArd-Iniúchóirí sa dá dhlínse na Ráitis Airgeadais a dheimhniú.

**Leasú ar Scéim Pinisin Ghníomhaireacht na Lochanna**

D'fhaomh an CATT na cinntí déanta ag Gníomhaireacht na Lochanna agus comhchinntí na gComhlachtaí Thuaidh Theas eile gur chóir go mbainfeadh an Scéim Pinsin (Leasú Uimhir 5) Thuaidh/Theas leis na Comhlachtaí Thuaidh/Theas go léir, Gníomhaireacht na Lochanna san áireamh.

D'fhaomh CATT fosta an cinneadh déanta ag Gníomhaireacht na Lochanna go ndruidfí Scéim Pinsin (Leasú) Choimisiún Iascach an Fheabhail 1979 agus ag an am chéanna, go n-aistreofaí a baill go Scéim Pinsin (Leasú Uimhir 5) Thuaidh/Theas.

**Deiseanna Maoinithe AE**

Nótáil an Chomhairle an tuarascáil ar na deiseanna maoinithe ar fáil do Ghníomhaireacht na Lochanna, agus ar na pleananna d'iarratais mhaoinithe sa todhchaí, a rachadh chun sochair do dhobharcheantar an Fheabhail agus do dhobharcheantar Chairlinn.

**Ceapachán an Phríomhfheidhmeannaigh**

Ag an Chruinniú Aireachta Thuaidh Theas ar 2 Aibreán 2014, d'fhaomh an Chomhairle ceapachán an Uasail John Pollock mar Phríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireacht na Lochanna.

## SÁBHÁILTEACHT BIA




### Cruinnithe Sábháilteachta Bia

Tagann CATT le chéile ar chúrsaí faoi Shábháilteacht Bia le cinntí a dhéanamh ar bhearta agus ar bheartas a chuirfidh an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (BCSB) i bhfeidhm. Aithnítear an BCSB seo faoin ainm '*safe*food'. Tá Bord Comhairliúcháin aige ar a bhfuil 12 ball, a cheapann CATT, arb é a bpríomhdhualgas sábháilteacht bia a chur chun cinn agus tacú le comhoibriú eolaíoch idir institiúidí san earnáil sin.

Is iad an tUasal Paul Gibbons agus an Bhean Uasail Darina Allen faoi seach, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird. Tá liosta de bhaill reatha an Bhoird le fáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é an tUasal Ray Dolan Príomhfheidhmeannach *safe*food. Tá tuilleadh sonraí le fáil in [www.safefood.eu](http://www.safefood.eu)

I rith 2014, reáchtáladh cruinnithe sábháilteachta bia ar 30 Aibreán agus ar 12 Samhain. D'fhreastail James Reilly TD, Aire Sláinte agus Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí ar an chruinniú i mí Aibreáin, agus d'fhreastail a gcomharbaí mar Airí Sláinte, Leo Varadkar TD agus Jim Wells CTR ar an chruinniú i mí na Samhna. D'fhreastail Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe ar an dá chruinniú. D'fhreastail James Reilly TD ar an chruinniú i mí na Samhna fosta mar Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ceapadh é sa phost sin i ndiaidh do Rialtas na hÉireann na hairí a athrú i mí Iúil.

**Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn**

Ag na cruinnithe sin fuair na hAirí tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Chathaoirleach agus ón Phríomhfheidhmeannach ar ghníomhaíochtaí *safe*food, ina measc bhí an t-eolas is déanaí ar na gníomhaíochtaí eolaíochta agus bolscaireachta déanta ag an Chomhlacht:

- forbairt leanúnach an fheachtais fheasachta na tomhaltóirí a dhíríonn ar rómheáchan agus ar mhurthall i measc leanaí atá anois ina dara bliain d'fheachtas ilmheán trí bliana. Tá sé seo á reáchtáil i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Roinn Sláinte Rialtas na hÉireann agus leis an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann. In 2014, dhírigh an feachtas feasachta ar dhá theachtaireacht nua: 'téama an tsúgartha ghníomhaigh' agus 'ag déileáil le féiríní'. Scríobh *safe*food chuig na sreanga ollmhargaí ar oileán na hÉireann ag iarraidh orthu milseáin agus seacláidí a bhaint de na cuntair íocaíochta go léir. I mí Bealtaine, chuir s*afe*food fáilte roimh fhógra Tesco Éireann go mbeadh sé de rún acu na féiríní seo a bhaint de na cuntair íocaíochta go léir.

- Rath agus forbairt Thionscnaimh Bia Pobail (TBP) *safe*food atá ag éirí go maith leo. Is é aidhm an chlár trí bliana seo, atá ina dara bliain anois in 2014, níos mó rochtana agus infhaighteachta ar bhia shláintiúil agus shábháilte i gceantair ina bhfuil ioncaim ísle a chur chun cinn, trí chlár de thionscadail áitiúla ag úsáid cur chuige forbairt pobail. Ghlac breis agus 12,000 duine páirt i ngníomhaíochtaí TBP i rith na chéad bhliana in 2013, a thug eolas do dhaoine ó chúlraí imeallaithe ar na sochair a bhaineann le bia sláintiúil.

- an chomhdháil idirnáisiúnta ar shábháilteacht bia a chomhreáchtáil an Institiúid um Shlándáil Bia Dhomhanda in OBBF agus *safe*food in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (OBBF) i mí Aibreáin 2014. Mheall an chomhdháil breis agus 350 toscaire agus labhair cainteoirí ón tSín, ón Ísiltír, ó SAM, ón Ghearmáin, ón Ríocht Aontaithe, ó Éirinn, ó Choimisiún an AE agus ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ann.

- Sheol *safe*food suíomh gréasáin nua www.Eatright.eu a dhíríonn ar bhia shláintiúil, ar shábháilteacht bia agus ar aclaíocht.

- chuir *safe*food réimse tuarascálacha agus suirbhéanna i gcrích in 2014. Mar shampla, d'eisigh *safe*food torthaí shuirbhé ar lipéid faoi leibhéil an tsiúcra i réimse leathan deochanna a bhfuil an-éileamh orthu do leanaí. I rith na bliana, choimisiúnaigh *safe*food athbhreithniú ar thionchair fhéideartha athrú aeráide ar shábháilteacht bia agus ar shláinte phoiblí ó thaobh na hÉireann de.

**Cur i láthair**

Fuair na hAirí cur i láthair maidir le tuarascáil Choiste Comhairleach Eolaíochta *safe*food, ar Fhaireachas Cothaithe ar oileán na hÉireann. Nótáil

siad na moltaí ón tuarascáil ar chur chuige uile-oileánda a ghlacadh maidir le faireachas cothaithe.

## Plean Corparáideach 2014-2016 agus Plean Gnó 2014 BCSB

Ag cruinniú Dhobharshaothrú agus Mara CATT ar 17 Meitheamh 2014, d'fhaomh an Chomhairle Plean Gnó 2014 BCSB agus nótáil sí gurb é €8.16m (£7.01m), an soláthar buiséid molta do 2014.

Ina dhiaidh sin, ag cruinniú den Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas ar 18 Nollaig 2014, nótáil na hAirí gur chuir *safe*food sábháil éifeachtúlach airgid i bhfeidhm i mbuiséad 2015 de réir na treorach comhaontaithe eisithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra. D'fhaomh siad Plean Gnó 2015 *safe*food fosta agus mhol siad an soláthar buiséid/deontais do 2015 de €7.820m (£6.334m).

## Tuarascálacha agus Cuntais *safe*food do 2013

Dheimhnigh Ard-Reachtaire agus Ard-Iniúchóir Thuaisceart Éireann agus Ard-Reachtaire agus Ard-Iniúchóir na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Chomhlachta do 2013 agus, i ndiaidh do na ranna urraithe iad a dheimhniú, chuirfí faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachas iad.

## Ceapachán an Bhoird agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Ag cruinniú Talmhaíochta CATT ar 1 Deireadh Fómhair 2014, d'fhaomh CATT ceapachán an Uasail Raymond Dolan mar Phríomhfheidhmeannach nua ar BCSB (*safe*food), le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 2014.

Ag cruinniú de Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas CATT ar 18 Nollaig 2014, d'fhaomh na hAirí ceapachán an Uasail Paul Gibbons mar Chathaoirleach ar Bhord Chomhairleach an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ó 12 Nollaig 2014 go 12 Nollaig 2015, i ndiaidh do Lynn Ní Bhaoighealláin éirí as ar 1 Nollaig 2014.

## UISCEBHEALAÍ INTÍRE



### Cruinnithe Uiscebhealaí Intíre

Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as bainistiú, caomhnú, forbairt agus athchóiriú na gcóras uiscebhealaí intíre atá inseolta ar fud na tíre, go háirithe ar mhaithe le caitheamh aimsire. Faoi láthair tá sé freagrach as na huiscebhealaí seo a leanas: loingseoireacht na Bearú, Córas na hÉirne, an Chanáil Mhór, Loingseoireacht na Banna Íochtaraí, an Chanáil Ríoga, Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus as Loingseoireacht na Sionainne, rud is ionann agus 1000 ciliméadar d'uiscebhealaí inseolta. Tá ceannáras Uiscebhealaí Éireann suite in Inis Ceithleann, agus tá na hoifigí réigiúnacha suite i gCora Druma Rúisc, i mBaile Átha Cliath agus ar an Scairbh. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.waterwaysireland.org

Tháinig CATT le chéile i bhformaid Earnála Uiscebhealaí Intíre ar 3 Aibreán in Inis Ceithleann agus ar 27 Samhain in Ard Mhacha. Bhí Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Dinny McGinley TD, Aire Stáit le freagracht speisialta do Chúrsaí Gaeltachta ag an chruinniú i mí Aibreáin ar son Rialtas na hÉireann. I ndiaidh do Rialtas na hÉireann na hairí a athrú i mí Iúil, bhí Heather Humphreys TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Joe McHugh TD, Aire Stáit le freagracht speisialta do Chúrsaí Gaeltachta ag an chruinniú i mí na Samhna ar son Rialtas na hÉireann. D'fhreastail Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Aire Sóisearach OCALCA, Jonathan Bell ar an dá chruinniú.

Ar na príomhrudaí a baineadh amach ag Uiscebhealaí Éireann in 2014 bhí na rudaí a leanas:

- bainistiú agus cothabháil na 1,000 ciliméadar de loingseoireacht faoina chúram, le 95% de na huiscebhealaí oscailte le haghaidh loingseoireachta don tréimhse Aibreán go Meán Fómhair;

- d'fhorbair Uiscebhealaí Éireann Gormbhealach na Sionainne, an chéad Ghormbhealach in Éirinn (cosán ilghníomhaíochta a shíníonn le taobh uisce) idir Droim Seanbhó agus Cora Droma Rúisc i gCo. Liatroma i gcomhar le hOifig na gCosán Náisiúnta, Canoeing Ireland, Comhairle Contae Liatroma agus Leitrim Tourism;

- cruthaíodh deiseanna tráchtála le gnó a ligeann báid chrúsála ar cíos ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne, agus margadh bia am lóin nua a bhfuil ceadúnas aige feidhmiú i bPlás Charlemont i mBaile Átha Cliath; agus

- cuireadh Staidéar Oidhreachta Tógála agus treoir loingseoireachta bunaithe ar CFG i gcrích ar Loingseoireacht na Banna Íochtaraí.

**Cuir i láthair**

Rinne Uiscebhealaí Éireann dhá chur i láthair éagsúil ag na Cruinnithe earnála. Thug an chéad cheann *"Ireland's Inland Waterways – Building a Tourism Destination"* achoimre ar an dul chun cinn a bhí déanta ag Uiscebhealaí Éireann na huiscebhealaí agus na eispéarais de na huiscebhealaí a chur ag croílár an léirithe den turasóireacht ar fáil anseo d'Éirinn agus don domhan. Dhírigh sé go háirithe ar an chomhoibriú idir Uiscebhealaí Éireann, Fáilte Ireland, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, ag cur béime ar na tionscnaimh chomhoibrithe dhéanacha. Ina measc, bhí Aip nua Lakeland Treasures, Clostreoir ar an Bhearú agus Aip, agus dul chun cinn chleachtadh mapála digití Uiscebhealaí de threoir loingseoireachta do Loingseoireacht na Banna Íochtaraí.

Thug dara cur i láthair; *'The Potential of the "Blueway" Product and Brand Development for Waterways Ireland'* achoimre ar obair Uiscebhealaí Éireann i bhforbairt "Gormbhealaí", le branda uile-oileánda a chruthú do chur chun cinn cosán ilghníomhaíochta ar nó taobh leis na loingseoreachtaí. Thug sé achoimre ar fhéidearthacht gheilleagrach "na Gormbhealaí" cuidiú go mór leis na pobail sin a chónaíonn le taobh na n-uiscebhealaí, tríd na loingseoireachtaí intíre.

**Nuashonrú ar Athchóiriú Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtarach go Cluain Eois**

Tá dul chun cinn ar siúl go fóill ar na ullmhúcháin d'athchóiriú de chuid Chluain Eois go Loch Éirne Uachtarach de Chanáil Uladh. Fuarthas cead pleanála ó na húdaráis ábhartha go léir. Tá nuashonrú á dheánamh ar an chás gnó le dul ar aghaidh leis an tionscadal, sa dóigh is go bhféadfar

machnamh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile sa tionscadal i gcomhthéacs na creatlaí nua caipitil sa Deisceart. Ina dhiaidh seo, déanfar tuilleadh machnaimh ar na chéad chéimeanna eile, an rogha tús a chur leis an tionscadal athchóirithe, trí rochtain a chur ar fáil ó Loch Éirne Uachtarach go dtí an tIonad Idirnáisiúnta Gasóg i gCaisleán Saunderson, cóngarach do Bhéal Tairbhirt i gContae an Chabháin, san áireamh. Idir an dá linn, leanann an Grúpa Idirghníomhaireachta ar Chanáil Uladh ar aghaidh fiosrú faoi dheiseanna maoinithe eile don tionscadal, maoiniú AE san áireamh.

**Deiseanna Maoinithe AE**

Tá Uiscebhealaí Éireann ag fiosrú faoi dheiseanna maoinithe Iomaíocha agus Neamhiomaíocha AE le cláir mhóra straiteiseacha a sholáthar. I gcomhthéacs Maoinithe Iomaíoch AE, thosaigh Uiscebhealaí Éireann ag mapáil tosaíochtaí chlár maoinithe ábhartha cheana féin, agus bhí túsphlé acu le roinnt páirtithe tionscadail féideartha. I measc na ndeiseanna maoinithe iomaíoch AE a bhfuil machnamh á dhéanamh orthu tá: Cláir Thrasnáisiúnta (INTERREG B); Horizon 2020; Life +; Connecting Europe Facility; Programme for Social Change and Innovation (PSCI) agus Health for Growth. Tá Uiscebhealaí Éireann ag comhoibriú leis na húdaráis áitiúla le tionscadail a fhorbairt a d’fhéadfadh bheith forbartha mar gheall ar mhaoinithe neamhiomaíocha AE amhail cláir INTERREG agus LEADER.

## TEANGA

### Cruinnithe den Chomhlacht Teanga

Dhá ghníomhaireacht éagsúla atá sa Chomhlacht Teanga, An Ghníomhaireacht Ghaeilge/Foras na Gaeilge, agus an Ghníomhaireacht Albanais Uladh/Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Cuireann na Gníomhaireachtaí an Ghaeilge agus teanga agus cultúr Albanais Uladh chun cinn, faoi seach. Is é CATT a cheapann Bord an Chomhlachta Teanga. Is é Liam Ó Maoilmhichíl, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge. Is é Tom Scott Cathaoirleach Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Is iad an tUasal Ó Maoilmhichíl agus an tUasal Scott comh-Chathaoirligh an Chomhlachta Teanga.

Tá 15 ball eile ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus 7 ball eile ar Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá liosta de bhaill reatha an Bhoird in Iarscríbhinn 3. Is é an tUasal Ferdie Mac an Fhailigh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. Is é an tUasal Ian Crozier Príomhfheidhmeannach Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.forasnagaeilge.ie agus www.ulsterscotsagency.com.

Bhí trí chruinniú Teanga CATT in 2014 ar 3 Aibreán, 27 Samhain agus 18 Nollaig. Bhí Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Dinny McGinley TD, Aire Stáit le freagracht speisialta do Chúrsaí Gaeltachta ag an chruinniú i mí Aibreáin ar son Rialtas na hÉireann. I ndiaidh do Rialtas na hÉireann a airí a athrú i mí Iúil, bhí Heather Humphreys TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Joe McHugh TD, Aire Stáit le freagracht speisialta do Chúrsaí Gaeltachta ag an chruinniú i mí na Samhna ar son Rialtas na hÉireann. D'fhreastail Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Aire Sóisearach OCALCA, Jonathan Bell CTR ar an dá chruinniú.

Socraíodh cruinniú speisialta do 18 Nollaig le machnamh a dhéanamh ar fhaomhadh pleananna gnó don Chomhlacht Teanga agus do roinnt Comhlachtaí Thuaidh Theas. D'fhreastail Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Seán Sherlock TD, Aire Stáit le freagracht speisialta do Chabhair Forbartha Thar Lear, Tionscnamh Trádála agus Comhar Thuaidh Theas agus Simon Hamilton, CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra ar an chruinniú seo.

Ag na cruinnithe i mí Aibreáin agus i mí na Samhna, fuair na hAirí tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh an dá ghníomhaireacht. I measc na bpríomhfhorbairtí a pléadh bhí:

**a. Foras na Gaeilge:**




An tAire Joe McHugh, TD agus Liam Ó Maoilmhicíl, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge ag seoladh Scéim nua Fhoras na Gaeilge.

Tuilleadh dhul chun cinn ar na socraíochtaí maoinithe nua a raibh ocht gcruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta agus dhá chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga i gceist. Comhaontaíodh plean straitéiseach ardleibhéil iomlán chomh maith le pleananna trí bliana do gach ceann de na sé réimse straitéiseacha.

Seoladh an nuachtán nua ar líne Tuairisc.ie (www.tuairisc.ie) le buiséad de €1.2m ar chonradh ceithre bliana agus an iris stíl mhaireachtála ar líne Nós (www.nosmag.com) le buiséad de €204,600 ar chonradh trí bliana.

Tá na spriocanna á mbaint amach fós maidir le tionscadal suaitheanta an Fhoclóra nua Béarla/Gaeilge (www.focloir.ie). Faomhadh clár ama leasuithe laistigh den bhuiséad atá ann faoi láthair a ligfidh d’ábhar breise bheith á fhorbairt, a sáróidh na spriocanna comhaontaithe roimhe don tionscadal. Táthar ag súil go bhfoilseofar an leagan clóite den fhoclóir in 2016.

Bronnadh conradh le hanailís a dhéanamh ar thorthaí an phríomhshuirbhé uile-oileánda ar dhearcthaí maidir leis an Ghaeilge in 2013. Cuideoidh an obair seo go mór le tosaíochtaí agus ceapadh beartais a aithint sa todhchaí.

Mhair an gníomh comhairliúcháin d’athbhreithniú ar an Scéim Phobail Ghaeilge 2015-17 ó lár mhí Iúil go 24 Samhain 2014. Tá Foras na Gaeilge ag déanamh machnaimh ar na freagraí a fuathas agus ar an chlár ama dá chur i bhfeidhm. Ionchorpraíodh sa phróiseas seo bhí comhairliúchán ar Líonraí Gaeilge.

Tá Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig in Albain tiomanta d'fheidhmiú leanúnach thionscadal Colmcille mar thacaíocht do thionscnaimh forbartha na dteangacha Gaelacha sa dá dhlínse seo agus in Albain.

Sna socruithe nua riaracháin a faomhadh do Colmcille, tá na príomhghnéithe seo a leanas:-

- leanfaidh Foras na Gaeilge ar aghaidh Colmcille a chur chun cinn sa dá dhlínse agus leanfaidh Bòrd na Gàidhlig ar aghaidh Colmcille a chur chun cinn in Albain go fóill, gan ceangail dhíreacha bhuiséadacha nó riaracháin;

- bunófar comhghrúpa oibre idirghníomhaireachta le díriú ar thionscadail straitéiseacha, agus le tosaíochtaí maoinithe agus tionscnaimh chomhoibríocha eile a phlé chomh maith le dea-chleachtas a roinnt, agus ceangail inbhuanaithe pobail a chruthú; agus

- cuirfidh an dá Roinn Urraithe comh-mhaoiniú imfhálaithe do Colmcille ar fáil d'Fhoras na Gaeilge go fóill gach bliain.

**b. Gníomhaireacht Albanais Uladh:**



D'éirigh leis an Ghníomhaireacht ceolchoirm Oíche Burns a reáchtáil ar 25 Eanáir 2014 sa Halla Cois Cladaigh i gcomhar le Ceolfhoireann Uladh. Ag taibhiú sa cheolchoirm bhí Eddi Reader chomh maith le Banna Píob na nÓg ó Ghníomhaireacht Albanais Uladh agus Rinceoirí Ultacha Albanacha Chnoc an Mhargaidh.

I mí Eanáir 2014, bhog an Ghníomhaireacht a ceannáras i mBéal Feiste ó Mhórshráid Victeoiria go Foirgneamh an Malartáin Arbhair i Sráid Gordon i gceantar Cheathrú na hArdeaglaise. Mar gheall ar an bhogadh seo, beidh cóiríocht oifige níos fearr ag an Ghníomhaireacht ar chostas níos ísle. San

fhoirgneamh seo fosta tá Lárionad le haithne a chur ar Albanais Uladh a forbraíodh i gcomhar le roinnt páirtithe. Méadóidh sé an deis le haghaidh comhoibrithe laistigh den earnáil Albanais Uladh agus sárthaispeánfaidh sé cultúr Albanais Uladh don ghnáthphobal.

Rinne an Ghníomhaireacht cur i láthair a thug achoimre ar thionscadal chonair oidhreachta Bruce leis an 700ú ceiliúradh de Edward Bruce in Éirinn a cheiliúradh in 2015. Cuirfidh an tionscadal seo le hobair leanúnach na Gníomhaireachta sa réimse oideachais agus i réimse na turasóireachta cultúrtha.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht Dánlann Nuálaithe Albanais Uladh i gcomhar le Páirc Eolaíochta Thuaisceart Éireann. Suiteáladh í seo i nDuga Mhic Thomáis, an áit ar tógadh an Titanic agus seoladh ag Féile Mara Bhéal Feirste í.

Chríochnaigh tionscadal drama trastíre Fair Faa Ye 100 taibhiú i scoileanna ar fud Chúige Uladh i mí Mhárta 2014. Bhí an t-aiseolas tosaigh ó na scoileanna iontach dearfach, go háirithe maidir le torthaí foghlama do na leanaí.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht dhá leibhéal de chreidiúnú do dhrumadóireacht Lambeg a bhí faofa ag Líonra na gColáistí Oscailte (LCO). Tá an Ghníomhaireacht ag dul tríd an phróiseas le bheith aitheanta mar Ionad LCO.

Bronnadh trí dheontas "Tionchar Pobail" ar ghrúpaí áitiúla i gCill Chaoil, sa Bhaile Nua agus i mBéal Feirste le costais oibrithe forbairt pobail lánaimseartha, a thacóidh le agus a fhorbróidh Albanais Uladh ina gceantair féin faoi seach, a chlúdach. Bronnadh deontas ar luach iomlán de £104,360, agus táthar ag súil go bhfaighidh na grúpaí maoiniú meaitseála le chéile de £26,250.

Thosaigh dhá thionscadal Thoir/Thiar le bunscoileanna i gCúige Uladh agus in Albain a nascadh- nasc ar théama na hoidhreachta longthógála idir Bunscoil na Creagaí i mBéal Feirste agus Bunscoil Castle Park in Irbhinn, agus nasc ar théama Robert Burns agus filíocht Albanais Uladh idir Bunscoil Glynn, Latharna agus Bunscoil Catrine in Siorrachd Inbhir Àir.

Tugadh maoiniú agus tacaíocht do 22 scoil samhraidh (méadú de 7 scoil ar an méid in 2013) ag réimse áiteanna pobail le for-rochtain ar bhreis agus 1,000 duine óg.

Mhéadaigh an rannpháirteachas sa réimse oideachais go breis agus 100 scoil i gCúige Uladh i mbliana. Ina measc tá reáchtáil 29 cumann iarscoile agus maoiniú do chláir ranganna ceoil agus rince ó Mheán Fómhair go Nollaig 2014, 5 ceann sna contaetha cois teorann san áireamh.

- **Dul chun cinn ar chomhoibriú idir Gníomhaireacht Albanais Uladh agus Foras na Gaeilge:**

Rinne an dá Ghníomhaireacht comhthionscadal in earnáil na scoileanna imeasctha i gcomhar le Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha (TÉOI). Dá thoradh seo, forbraíodh clár píolótach sé seachtaine in 4 iarbhunscoil imeasctha, a scrúdaigh coincheap an chultúir i gcoitinne, go sainiúil maidir leis na gnéithe éagsúla de chultúr na Gaeilge agus de chultúr Albanais Uladh.

Rinneadh agus nuashonraíodh na Cóid Cleachtais leasaithe d'fhoireann agus do bhaill Boird Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstér-Scotch, go háirithe le ceisteanna a bhain le coinbhleacht leasa fhéideartha a chur san áireamh.

Bhí comhoibriú leanúnach idir an dá ghníomhaireacht maidir le ceisteanna rialachais agus le cur chun cinn obair an Chomhlachta Teanga, ina measc, cúrsaí airgeadais, tionscadail comórtha amhail tionscadal na plaice goirme James Duffy i Co. Thír Chonail, agus cruinnithe de bhord iomlán an Chomhlachta Teanga.

I measc na comhoibre fosta bhí leasú na comhscéime comhionannais agus nuashonrú an bheartais cosanta ar chibearbhulaíocht.

**Deiseanna Maoinithe AE**

Aithníonn Gníomhaireachtaí an Chomhlachta Teanga acmhainneacht an mhaoinithe AE, agus tá siad ag fiosrú roinnt féidearthachtaí go gníomhach. Fuair siad cuidiú ó shaineolaithe a bhfuil taithí acu ar thionscadail maoinithe ag AE.

D'aithin Foras na Gaeilge dhá thionscadal mhórthábhachtacha le haghaidh tuilleadh forbartha do mhaoiniú féideartha AE.

Tá an Ghníomhaireacht Albanais Uladh ag fiosrú faoi dheiseanna laistigh de Chlár PEACE IV atá le teacht, le fócas ar leith ar an snáithe a bhaineann leis an tSochaí Phoiblí. Tá cosán cultúrtha turasóireachta á fhorbairt a d'fhéadfadh maoiniú a mhealladh ó Chlár INTERREG V atá le teacht.

Tá an Ghníomhaireacht ag fiosrú faoi dheiseanna maoinithe laistigh de Chlár Erasmus+ AE.

**Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla**

Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla chomhdhlúite 2012 an Chomlachta Teanga faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann ar 24 Deireadh Fómhair 2014, agus meastar go ndéanfar Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla chomhdhlúite 2013 an Chomhlachta Teanga a dhearbhú agus a leagan faoin Earrach 2015.

## CLÁIR SPEISIALTA AE




### Cruinnithe Chláir Speisialta AE

Is é an ról atá ag an Chomhlacht um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (CCSAE) bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chláir mhaoinithe agus iad a chur i bhfeidhm ar son an dá Rialtais agus an Aontais Eorpaigh. Is í aidhm na gclár feabhsú sóisialta agus geilleagrach a sheachadadh do phobal na hÉireann thuaidh agus theas trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Is é an tUasal Pat Colgan Príomhfheidhmeannach CCSAE. Tá tuilleadh sonraí le fáil in www.seupb.eu

Bhí cruinniú CCASE CATT ann ar 30 Bealtaine 2014 in Ard Mhacha. D'fhreastail Simon Hamilton CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, Brendan Howlin TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus Aire Sóisearach OCALCA Jennifer McCann CTR ar an chruinniú seo. Bhí an tAire Hamilton ina chathaoirleach ar an chruinniú. Bhí an dara cruinniú le bheith ann i mí na Nollag 2014 ach cuireadh ar ceal é mar gheall ar an ról aireachta sna cainteanna polaitiúla ar tháinig Comhaontú Theach Stormont astu. Comhaontaíodh go n-athshocrófaí an cruinniú sin do go luath in 2015.

Ag an chruinniú, fuair na hAirí tuarascáil mhion ón Phríomhfheidhmeannach, an tUasal Pat Colgan ar chur i bhfeidhm Chláir PEACE III agus INTERREG IVA. Maidir le deireadh mhí Mhárta 2014, nótáil na hAirí:

- d'fhaomh clár PEACE III 217 tionscadal ar fiú €332.03m (£274.4m) iad san iomlán. Is ionann sin agus leibhéal tiomantais 100%. Ba é an caiteachas iomlán ar chlár PEACE III ar 31 Márta 2014 €224.02m

(£185.1m). Ní mór an €108.9m atá fágtha a chaitheamh roimh dheireadh 2015;

- athdháil SEUPB an maoiniú a tharraing siad siar ón Ionad um Chothú Síochána agus Réiteach Coimhlinte. Athdháileadh an barrachas ar na Páirtíochtaí Síochána, nach bhfuair na tionscadail atá acu faoi láthair na méideanna iomlána ina litreacha tairisceana am ag a n-eisiúna, de dheasca na srianta ar an bhuiséad agus na dtionscadal a bhí ar liosta fanachta—tionscadal na nIarlaí agus Ghlórtha ón Ghleann;

- d'fhaomh Clár INTERREG IVA 88 tionscadal ar luach iomlán de €264.3m (£218.4m) arb ionann é agus leibhéal tiomantais de 103%. Ba é an caiteachas iomlán ar chlár INTERREG IVA ar 31 Márta 2014 €152.8m (£126.3m). Ní mór an €103.2m atá fágtha a chaitheamh roimh dheireadh 2015; agus

- i ndiaidh tarraingt siar Thionscadal Dhroichead Chaol Uisce, baineadh comhaontú amach na maoinithe INTERREG sin a athdháileadh ar fheabhsú na Seirbhíse Enterprise agus ar tharbhealach Dhroichead Átha a athchóiriú. Tacaíonn na hAirí le coincheap Dhroichead Chaol Uisce go fóill.

Nótáil na hAirí go n-éascaíonn an Comhlacht rannphháirteachas Thuaidh Theas i gCláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha INTERREG IV go fóill. Fuarthas seacht bpáirtí tionscadail is seaca, ag tarraingt anuas méid iomlán de €11m in ERDF do Thuaisceart Éireann ar fud na gclár ábhartha. Tá bunús díobh seo ag teacht chun deiridh anois agus tá siad ag fáil a n-íocaíochtaí deireanacha. Tá obair ullmhúcháin go maith ar siúl do na cláir thrasnáisiúnta nua agus tá an SEUPB ag tabhairt treorach d'iarratasóirí féideartha ar chomhthéacs na gclár nua.

Lean an SEUPB ar aghaidh tionchair dhearfacha chláir AE a chur in iúl trí imeachtaí ardphóifíle, amhail seoladh oifigiúil thionscadal an Ghairdín Cathrach Machnaimh i nDoire ar 23 Eanáir 2014, agus an searmanas ceannródaíoch do thionscadal Mhol Girdwood i mBéal Feirste ar 10 Aibreán 2014.

**Cláir AE sa todhchaí**

Tugadh an t-eolas is déanaí do na hAirí ar dhul chun cinn na hoibre ullmhúcháin do Chláir nua AE um Chomhoibriú Trasteorann (PEACE IV agus INTERREG V).

Ina dhiaidh sin, cuireadh na Cláir Oibriúcháin do PEACE IV agus INTERREG V faoi bhráid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAlban (INTERREG V amháin) i mí Mheán Fómhair 2014, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin, agus ansin, cuireadh isteach chuig an Choimisiún Eorpach iad roimh an spriocdháta, 22 Meán Fómhair 2014.

## FORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ




**Cruinniú um Fhorbairt Trádála agus Gnó**

Bunaíodh an Foras Forbartha Gnó, darb ainm IdirThrádáilÉireann, le faisnéis a mhalartú agus obair a chomhordú ar thrádáil, forbairt gnó agus cúrsaí eile a bhaineann leis sin, i réimsí ina gcomhaontaíonn an dá rialtas go mbeadh sé lena gcomhleas. Tá Bord ag IdirThrádáilÉireann ar a bhfuil 12 ball a cheapann CATT. Tá liosta de bhaill reatha an Bhoird in Iarscríbhinn a Trí. Tá sonraí eile le fáil in www.intertradeireland.com.

Reáchtáladh cruinniú amháin um Fhorbairt Trádála agus Gnó CATT in Ard Mhacha ar 22 Eanáir 2014. Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta a bhí ina gCathaoirligh ar an chruinniú. Bhí John O'Dowd CTR, Aire Oideachais, ina Aire tionlacain, i láthair fosta.

Fuair na hAirí Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn ón Chathaoirleach agus ón Phríomhfheidhmeannach ar ghníomhaíochtaí IdirThrádáilÉireann i rith 2013. Ina measc seo bhí:

- feidhmíocht IdirThrádáilÉireann don bhliain 2013 le taobh spriocanna pleananna gnó. Shólathair sí toradh 8:1 ar infheistíochtaí, chuidigh sí le 56 nuálaí céaduaire agus 56 easpórtálaí céaduaire agus sholáthair sí 9% san iomlán de choigiltí éifeachtúlachta; agus

- giniúint in 2013 £56.4M/ €64.8M de Luach Gnó ó chuideachtaí rannpháirteacha

Fuair na hAirí cur i láthair ó oifigigh DETI/DJEI ar Horizon 2020 agus chuir siad fáilte roimh na pleananna a cuireadh i bhfeidhm le comhoibriú idir an dá dhlínse faoin chlár a neartú ar mhaithe le comhshochar a mhéadú.

Ansin, chuir an Chomhairle fáilte roimh thuarascáil IdirThrádáilÉireann ar *‘Access to Finance for Growth in SMEs on the island of Ireland’* a foilsíodh le déanaí. I measc na bpríomhthorthaí ón tuarascáil a nótáladh bhí:

- tá an t-éileamh ar airgead ar a laghad chomh tábhachtach anois agus atá an soláthar airgid do na FBManna;

- tá easpa éagsúlachta i dtírdhreach airgeadais na FBManna; agus

- tá íocaíochtaí déanacha agus drochbhainistíocht an tsreabhaidh airgid ag cur brú ar an chaipiteal oibre go fóill.

Nótaladh go n-éiríonn go hiomlán nó sa chuid is mó, le formhór mór na ngnónna a chuireann iarratas isteach le haghaidh creidmheasa nua.

Cuirfidh IdirThrádáilÉireann na moltaí ón tuarascáil chun cinn trí idirghabháil leis na ranna agus na páirtithe leasmhara ábhartha.

Thapaigh na hAirí an deis a dtosaíochtaí earnála don todhchaí a phlé agus nótáil siad go gcuirfí iad seo i láthair ag cruinniú Institiúideach CATT amach anseo.

## CAIBIDIL A CEATHAIR: GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA CHOMHRÚNAÍOCHT CATT




I rith 2014 shocraigh an Chomhrúnaíocht gníomhaíochtaí for-rochtana éagsúla do ghrúpaí áitiúla.

**Tionscadal Daonlathais**

Ar 15 Eanáir 2014, bhí Comhrúnaíocht CATT ina hóstach ar imeacht daonlathais le ceithre iarbhunscoil áitiúla. Thacaigh an SPTÉ leis an imeacht in Ard Mhacha a tharraing aird ar cheist ábhartha na Cibearshábháilteachta. Rinne foireann Chomhrúnaíocht CATT cur i láthair, a cuireadh in oiriúint, do thart ar dhaichead dalta ó Bhliain 11 le ról CATT agus obair na Comhrúnaíochta a léiriú. Ina dhiaidh seo, rinne an SPTÉ cur i láthair idirghníomhach ar Chibearshábháilteacht. Ansin, chuaigh na mic léinn i mbun plé i ndíospóireacht ar Chibearshábháilteacht le gné Thuaidh/Theas ann agus thuairiscigh siad na torthaí, agus iad ag rólimirt mar Airí CATT agus mar oifigigh i mbréagfhormáid iomlánach.

D’éirigh go hiontach leis an seimineár agus fuair an Chomhrúnaíocht tacaíocht ó na scoileanna agus ón SPTÉ a mhacasamhail d’imeacht a shocrú in 2015, ina mbeidh iarbhunscoileanna ón deisceart agus An Garda Síochána páirteach.

## Taithí Oibre



An tAire Danny Kennedy CTR agus an tAire Pascal Donohoe, TD le daltaí Lisanally ag cruinniú Iompair CATT i mí na Samhna 2014.

Lean an Chomhrúnaíocht ar aghaidh lena hobair le Scoil Speisialta Lisanally in Ard Mhacha. Tugann an tionscadal thaithí oibre deis do dhaltaí cuidiú le roinnt cruinnithe CATT a shocrú agus a sholáthar. Ina measc seo tá, láithreacht nuair a thagann na Airí, ag cuidiú le réimse éagsúil dualgas ullmhúcháin agus ag cuidiú leis an lónadóireacht.

Thug an clár seo deis do dhaltaí Lisanally bheith i dtimpeallacht ghnóthach le daoine nua agus tasc feidhmiúil a dhéanamh. Thug sé deis dóibh fosta na scileanna a d’fhoghlaim siad ar scoil agus sa choláiste a úsáid in áit oibre.

Tá rannpháirt ghníomhach ag pearsanra na Comhrúnaíochta, a bhainistíonn an tionscadal seo, in eagraíochtaí pobail/deonacha agus fuair siad faomhadh ó Access NI leis na rólanna deonacha sin a dhéanamh. Rinne comhghleacaithe Comhrúnaíochta ar leith a raibh páirt acu in obair le grúpaí pobail agus in obair le daoine le riachtanais speisialta roimhe, meantóireacht ar na daltaí.

## Cuairt ó Thoscaireacht Tháidsíceastánach go hArd Mhacha

Ar 30 Aibreán, thug toscaireacht ón Táidsíceastáin, ina raibh Leas-Aire Forbartha agus Trádála Geilleagraí, oifigigh shinsearacha phoiblí agus saineolaithe i dtrádáil trasteorann agus i bhforbairt gheilleagrach, cuairt ar an Chomhrúnaíocht. Thug an Chomhrúnaíocht faisnéis dóibh ar an obair a dhéananann siad agus ar méid an chomhoibrithe trasteorann a dhéantar idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Shocraigh sí seisiún fosta inar thug Dawn Livingstone, Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann, faisnéis dóibh.

**Úsáid an Áitribh**

Baineadh úsáid as áitreabh CATT do réimse gníomhaíochtaí breise mar thacaíocht do chomhoibriú trasphobail agus trasteorann.

Bhain Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha, tiarna talún na Comhrúnaíochta, úsáid as an áis do roinnt imeachtaí. I rith athchóiriú Seomra Comhairle na Comhairle Ceantair, cuireadh an príomhsheomra comhdhála in oiriúint nuair a bhí cruinniú ag an Chomhairle ann ar 14 Aibreán.

Reáchtáil Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha, i gcomhar le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (BTTÉ), fáiltiú in áitreabh na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas maidin Dé Domhnaigh 11 Bealtaine 2014 leis an tríú cuid de Gran Partenza an Giro d’Italia, a thosaigh in Ard Mhacha agus a chríochnaigh i mBaile Átha Cliath, a cheiliúradh.

D’fhreastail an tAire Foster, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath agus Ard-Mhéára Ard Mhacha, ceannairí na nEaglaisí agus aíonna speisialta ar an imeacht, Ambasadóir BTTÉ don imeacht, Stephen Roche san áireamh.

Ina theannta sin, d’éascaigh an t-áitreabh roinnt imeachtaí trasteorann, ina measc, cruinnithe a reáchtáil Co-operation and Working Together (CAWT), comhordaitheoirí Chlár PEACE AE, agus oifigigh ag plé le cúrsaí Pinsin Thuaidh Theas.

**IARSCRÍBHINN A hAON**

**CRUINNITHE CATT IN 2014**

**Léirítear sa tábla thíos cruinnithe CATT.**

| Cruinniú CATT | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Iomlánach | 03/10/14 | Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| | 05/12/14 | CC CATT |
| | | |
| Institiúideach | 10/01/14 | Teach Uíbh Eachach |
| | | |
| Talmhaíocht | 16/04/14 | CC CATT |
| | 01/10/14 | CC CATT |
| | | |
| Oideachas | 02/04/14 | CC CATT |
| | 22/10/14 | CC CATT |
| | | |
| Comhshaol | 08/05/14 | CC CATT |
| | 13/11/14 | CC CATT |
| | | |
| Sláinte agus Sábháilteacht Bia | 30/04/14 | CC CATT |
| | 12/11/14 | CC CATT |
| | | |
| Turasóireacht | 22/01/14 | CC CATT |
| | | |
| Iompar | 16/04/14 | CC CATT |
| | 05/11/14 | CC CATT |
| | | |
| Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara | 21/02/14 | CC CATT |
| | 27/06/14 | Oifig Réigiúnach Iartharach Invest TÉ |
| | 05/12/14 | CC CATT |
| | | |
| Uiscebhealaí Intíre | 03/04/14 | CC Uiscebhealaí Éireann |
| | 27/11/14 | CC CATT |
| | | |
| Teanga | 03/04/14 | CC Uiscebhealaí Éireann |
| | 27/11/14 | CC CATT |
| | 18/12/14 | Caisleán Stormont |
| | | |
| Cláir Speisialta AE | 30/05/14 | CC CATT |
| | | |
| Forbairt Trádála agus Gnó | 22/01/14 | CC CATT |

## IARSCRÍBHINN A DÓ

## COMHRÚNAÍOCHT CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

Faigheann Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) tacaíocht ó Chomhrúnaíocht sheasta, ar a bhfuil foireann ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus Státseirbhís na hÉireann. Is í Óifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire (OCALCA) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh na hÉireann.

Is é Colm Shannon an Comhrúnaí (Thuaidh) agus is é Shane O'Neill an Comhrúnaí (Theas).

## FEIDHMEANNA

Seo thíos feidhmeanna na Comhrúnaíochta:

- sceidealú cruinnithe na Comhairle a shocrú i bhformáidí éagsúla;

- comhaontú polaitiúil a fháil roimh ré do na cláir a bheidh ag cruinnithe na Comhairle;

- páipéir a ullmhú agus a choimisiúnú do chruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear rudaí a bhaineann lena clár oibre;

- Comhráitis a dhréachtú mar aon le Taifid de Chinntí na Comhairle;

- cinntí na Comhairle a fhógairt agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm;

- tuarascáil bhliantúil a dhréachtú ar imeachtaí na Comhairle;

- feidhmiú mar ghléas cumarsáide le Comhlachtaí Forfheidhmithe;

- nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse, teagmháil le Rúnaíocht Chomhdháil Chomhrialtasach na Breataine/na hÉireann agus leis an chomhfhóram pharlaiminteach Thuaidh/Theas agus leis an fhóram comhairliúcháin neamhspleách nuair a bhunófar é; agus

- tasc ar bith eile a dhéanamh a ordóidh an Chomhairle.

**MAOINIÚ**

Is iad OCALCA agus RGET a dhíolann as costais na foirne. Idir an dá rialtas a roinntear gach costas a bhaineann leis an Chomhrúnaíocht agus CATT. Is é an costas a bhí ar reáchtáil na Comhrúnaíochta in 2014 ná £1,467,100/€1,816,505.

## IARSCRÍBHINN A TRÍ

## BAILL BOIRD NA gCOMHLACHTAÍ THUAIDH THEAS

### BORD COMHAIRLIÚCHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT BIA A CHUR CHUN CINN

Paul Gibbons (Cathaoirleach-ceaptha ar 12 Nollaig 2014)
Lynn Ní Bhaoighealláin (d'éirigh sí as ar 1 Nollaig 2014)
Darina Allen (Leas-Chathaoirleach)
Julie Andrews
Thomas Burns
Brendan Kehoe
Alan McGrath
Helen O'Donnell
Edward Spellman
Hannah Su
Campbell Tweedie
Mary Upton
Jane Wells

### COMHLACHT TEANGA THUAIDH THEAS

### FORAS NA GAEILGE

Liam Ó Maolmhichíl
(Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge/Comhchathaoirleach an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas)
Eoghan Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach)
Pól Callaghan
Colm Cavanagh
Áine Ní Chiaráin
Bríd Ní Chonghóile
Liam Kennedy (d'éirigh sé as ar 25 Márta 2014)
Seosamh Mac Donncha
Tomás Mac Eochagáin
Marcas Mac Ruairí
Seán Mícheál Ó Domhnaill
Dónal Ó hAiniféin
Éamonn Ó Gribín
Donnchadh Ó Laoghaire (ceaptha ar 10 Eanáir 2014)
Cáitríona Ní Shúilleabháin
Therese Ruane

**THA BOORD O ULSTÈR SCOTCH**

Tom Scott
(Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch/Comhchathaoirleach an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas)
Tony Crooks (Leas-Chathaoirleach)
Ida Fisher
William Leathem
Val O'Kelly
Hilary Singleton
Sharon Treacy-Dunne
Trevor Wilson

**COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA hÉIREANN**

Winston Patterson (Cathaoirleach)
Alan McCulla (Leas-Chathaoirleach)
Laurence Arbuckle
Andrew Duncan
Phil Mahon
Joe Millar
Michael J McCormick
Mick Murphy
Theresa McLaverty
Seamus Rogers
Donal Tipping
Jim Wilson

**AN COMHLACHT UM FHORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ**

Martin Cronin (Cathaoirleach)
Joanne Spain (Leas-Chathaoirleach)
Brendan Butler
Tarlach Ó Crosáin (ceaptha ar 22 Deireadh Fómhair 2014)
Rosemary Delaney
Jake Gallagher
Ray Hayden
Hubert Brown Kerr
Timothy Mayes
Patricia McKeown
Kevin Norton
Terri Scott

**TURASÓIREACHT ÉIREANN TEORANTA**

Brian Ambrose (Cathaoirleach)
Jim Flannery (Leas-Chathaoirleach)
Ciara Burke
Denis Cregan
Howard Hastings
John Healy
David Lyle
Christoph Mueller
Elaine Murphy
Derek Reaney
David Rodway
Shaun Quinn